An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Tuarascáil Bhliantúil

2021



# Clár na nÁbhar


**Réamhráite** 4

**Achoimre Feidhmiúcháin** 8

**Fís, Misean, Luachanna** 13

**Struchtúr na Roinne** 14

**Cairt Eagrúcháin** 15

**Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne** 16

**Ráiteas Straitéise 2021-2023** 17

Sprioc 1: Téarnamh láidir agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach trí ghnó a mhéadú, poist a mhéadú, acmhainneacht agus nuálaíocht. 18

Sprioc 2: Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist níos seasmhaí agus comhionannas inscne san ionad oibre a chur chun cinn. 26

Sprioc 3: Ár dtimpeallacht rialála gnó agus tarraingteacht na hÉireann a fheabhsú mar áit chun gnó a dhéanamh. 30

Sprioc 4: Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a láidriú agus a mhéadú ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe ina dtacaítear le hardchaighdeáin saothair agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh. 34

Sprioc 5: An t-aistriú glas a chur chun cinn i bhfiontraíocht, d’fhonn ár ngealltanais maidir le gníomhú ar son na hÉireann a chomhlíonadh. 38

Sprioc 6: Roinn atá nuálach agus sofhreagrúil a fhorbairt ag a bhfuil eiteas láidir i leith seirbhís phoiblí ag stiúradh cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais. 40

**Aguisín 1** 45

**Aguisín 2** 46

**Aguisín 3** 49

# Réamhfhocal



Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil seo an obair a cuireadh i gcrích sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta sa bhliain 2021 thar ceann saoránaigh, oibrithe agus gnólachtaí.

Cé gur tháinig méadú ar an ngeilleagar sa bhliain 2021, bhí cur isteach leanúnach i gceist i gcónaí mar gheall ar COVID-19. Cuireadh isteach ar ghnólachtaí agus oibrithe i ngach earnáil agus d'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar leis an bpobal fiontraíochta chun baill foirne
agus custaiméirí a choinneáil sábháilte trí phrótacail sláinte & sábháilteachta a comhaontaíodh le heagraíochtaí gnó agus ceardchumainn. Chuireamar na céadta milliún euro ar fáil i ndeontais agus in iasachtaí ísealchostais chun gnólachtaí a choinneáil i mbun gnó agus daoine a choinneáil ag obair.

Foilsíodh Plean Téarnaimh Eacnamaíochta (ERP) an Rialtais i mí Meithimh na bliana 2021. Mar aon le gealltanas a thabhairt i leith pacáiste airgeadais substainteach chun cuidiú le SMEnna, leagadh creat beartais meántéarmach amach sa Phlean chun cuidiú le gnólachtaí an t-aistriú glas agus digiteach a dhéanamh, d'fhonn poist níos sábháilte agus níos luachmhaire a chruthú agus forbairt réigiúnach chothromaithe a spreagadh. Leagadh síos sprioc ina mbeadh 2.5 milliún duine ag obair in Éirinn, an líon is mó riamh. Baineadh é seo amach roimh an sprioc sa bhliain 2022 agus is cruthú dearfach é ar an luas inar tháinig an geilleagar chuige féin.

I gcaitheamh na bliana, chuidíomar le gnólachtaí aistriú ar líne, teacht a bheith acu ar chreidmheas inacmhainne, a n-acmhainn i leith nuálaíocht a fhorbairt, agus aghaidh a thabhairt ar ár gcaidreamh trádála leis an Ríocht Aontaithe atá athraithe. Comhordaímid gníomhartha an Rialtais chun an costas árachais a laghdú do thomhaltóirí, gnólachtaí agus eagraíochtaí deonacha. Faoi láthair, táimid i mbun Páipéar Bán maidir le Fiontraíocht a fhorbairt ina leagfar amach fís uaillmhianach i leith beartas tionscail agus fiontraíochta amach anseo.

Lean an Roinn de na naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bliain mhaith eile a bhí ann d'Infheistíocht Dhíreach Choigríche; tá an líon is mó daoine againn riamh fostaithe san earnáil idirnáisiúnta faoi láthair. Thaifid cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann agus IDA an méadú is mó ar phoist in aon bhliain amháin. Rinneadh an chuid is mó d'infheistíochtaí IDA lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus bhí níos mó ná dhá thrian de na poist a chruthaigh Fiontraíocht Éireann lonnaithe lasmuigh den phríomhchathair. Chuir Oifigí Fiontair Áitiúla leis an líon post a mhéadú freisin. Táimid ag cur le hobair thábhachtach ar fud an Rialtais, ar nós Tithíocht do Chách agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Is é ceann de na tosaíochtaí atá agam ná a chinntiú go gcosnaítear cearta oibrithe agus go bhfeabhsaítear iad. Méadaíodh an tÍosphá Náisiúnta don 6ú bliain as a chéile. D'fhoilsigh an Roinn Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair sa bhliain 2021 chun na tairbhí geilleagracha agus sóisialta a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis a uasmhéadú. Chuireamar moltaí
chun cinn chun saoire phoiblí bhliantúil nua a thabhairt isteach, Cód Cleachtais maidir leis an gCeart chun Díscor, an ceart cianobair a iarraidh, pá breoiteachta reachtúil, agus cosaint níos fearr do shéisíní agus aiscí san ionad oibre.

Chuir an Roinn roinnt leasuithe tábhachtacha i bhfeidhm sa reachtaíocht, lena n-áirítear reachtaíocht a rith maidir le Gníomhaireacht nua um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun ár bhfreagra ar choireacht an bhóna bháin a láidriú, próiseas tarrthála simplithe nua do chuideachtaí beaga (SCARP) agus cosc ar thicéid a athdhíol os cionn an luach margaidh. Chomh maith leis sin, rinneadh go leor oibre chun an bealach a ullmhú d'ollchóirithe móra ar ár ndlíthe Iomaíochta agus Tomhaltóirí. Achtófar iad seo i mbliana.

BA mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Dr Orlaigh Quinn agus le baill foirne ar fad na Roinne as ucht a gcuid oibre agus a ndúthracht i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis na hAirí Stáit Damien English agus Robert Troy freisin as a dtacaíocht leanúnach i ndáil lenár gcuspóirí a bhaint amach.



Leo Varadkar TD
An Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

# Réamhfhocal



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na Roinne don bhliain 2021 a chur i láthair, atá ar an gcéad Tuarascáil Bhliantúil ar Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse 2021-2023. Chuir an Roinn an-obair i gcrích le linn bliana a raibh dúshláin ag baint léi; ag dul i ngleic le géarchéimeanna agus ag obair ar ár bhfís i gcónaí le go mbeadh Éire ar an áit is fearr chun bheith rathúil i mbun gnó, agus chun fostaíocht iomlán inbhuanaithe agus caighdeáin mhaireachtála níos airde a chur ar fáil i ngach réigiún ar fud na tíre.

I rith bliana ina raibh éifeachtaí COVID-19, mar aon le hiarmhairtí imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE i gceist i gcónaí, d'oibríomar chun tacú le poist a chruthú agus a nuáil, i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí fiontraíochta, agus chun cinnte a dhéanamh de go neartófaí agus go bhforbrófaí fiontair Éireannacha ar fud gach réigiúin sa tír. Chuireamar réimse bearta suntasacha airgeadais agus seirbhísí comhairleacha ar fáil d'fhiontair chun cur leis an gcolún Fiontair Inbhuanaithe a Atógáil de Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta an Rialtais.

Gné thábhachtach dár gcuid oibre is ea rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus thugamar tús áite dó sin le linn 2021, trí thionscnaimh ar nós an Fóram Fiontraíochta, an Fóram Miondíola agus an Grúpa SMEnna agus Comhlachtaí Stáit. Chuidigh an rannpháirtíocht go mór linn de réir mar a d'fhorbraíomar taighde, beartas agus scéimeanna le samplaí de thionscnaimh ar nós an Straitéis Náisiúnta AI, tuarascáil an Tascfhórsa SME, an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíocht Bhunathraitheach, athbhreithnithe maidir lenár gcomhaontuithe trádála agus buiséid chaipitil. Mar gheilleagar beag atá oscailte agus domhanda, ina mbraitear go mor ar thrádáil, leanamar de bheith rannpháirteach go hidirnáisiúnta agus ag leibhéal an AE maidir le clár oibre leathan, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála agus tacaíochtaí nua airgeadais agus comhairleacha do SMEnna.

Is cuspóir lárnach de Ráiteas Straitéise nua na Roinne é Gníomhú ar Son na hAeráide. I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, sheolamar Sraith Uirlisí 4 do Ghnólachtaí, ar uirlis ar líne é chun comhairle phraiticiúil a chur ar fáil faoi thús a chur le gníomhú ar son na haeráide. Chuireamar ionchur suntasach ar fáil maidir le Plean an Rialtais um Ghníomhú ar Son na hAeráide 2021 agus d'fhorbraíomar bearta chun cuidiú leis an earnáil fiontraíochta a spriocanna i leith astaíochtaí a chomhlíonadh.

Achtaíodh reachtaíocht thábhachtach sa bhliain 2021, lena n-áirítear an tAcht fá Chomhaontuithe am Scéimeanna Ráthaíochta Iasachta (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann), 2021, Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí), 2021, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021, agus Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021. Tríd an píosa reachtaíochta deiridh seo, bunófar an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar bhonn reachtúil sa bhliain 2022.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Roinn, lenár nOifigí agus lenár nGníomhaireachtaí as ucht a gcuidiú le linn tréimhse inar thugamar aghaidh ar dhúshláin nach bhfacthas riamh cheana agus ina raibh athruithe gan fasach ar shocruithe oibre. Ar fud gach réimse den Roinn, léirigh na baill foirne solúbthacht, tiomantas agus acmhainneacht ar leith chun cinnte a dhéanamh de gur bhaineamar amach ár gcuspóirí gnó agus gur chuireamar seirbhisí ar fáil dár gcustaiméirí i gcónaí, le linn tréimhse nárbh fhéidir a bheith i láthair san oifig. Trínár Straitéis Daoine 2021-2024 – Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Chur chun Cinn, a chur i gcrích, cuirfear bonn eolais ar fáil dár n-eagraíocht agus múnlófar í sna blianta atá le teacht. Is cúis áthais dom gur chuireamar fáilte ar ais roimh bhaill foirne chuig an oifig arís, go háirithe ár gcomhghleacaithe líonmhara nua a thosaigh i mbun oibre sa Roinn le linn na paindéime agus gabhaim buíochas agus dea-ghuí leis na comhghleacaithe a chuaigh ar scor i mbliana. Agus sinn ar an Roinn atá i gceannas ar an Straitéis Cianoibre, táim ag súil le forbairt a dhéanamh ar ár n-eispéiris le dhá bhliain anuas freisin chun cinnte a dhéanamh de go mbeadh obair chumaisc ina gné bhuan den mbealach ina dtacaímid lenár bhfórsa oibre, le linn ár riachtanais ghnó a chomhlíonadh go héifeachtach ag an am céanna.



An Dr Orlaigh Quinn
Ard-Rúnaí,
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

# Achoimre Feidhmiúcháin

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2021-2023 na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, fís le go mbeadh Éire ar an áit is fearr chun bheith rathúil i mbun gnó i ngach réigiún sa tír, trí fhiontair fhuinniúla, níos mó fostaíochta ar ardchaighdeán, trádáil idirnáisiúnta atá ag méadú, ionaid oibre cothroma agus táirgiúlacht níos fearr. Seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach ina mbeimid in ann an fhís seo a fhíorú.

Cé gur tháinig méadú ar an ngeilleagar sa bhliain 2021, bhí cur isteach leanúnach i gceist i gcónaí mar gheall ar COVID-19. Cuireadh isteach ar ghnólachtaí agus oibrithe i ngach earnáil agus d'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar leis an bpobal fiontraíochta chun baill foirne agus custaiméirí a choinneáil sábháilte trí phrótacail sláinte & sábháilteachta a comhaontaíodh le heagraíochtaí gnó agus ceardchumainn.

Bhí ról barrthábhachtach ag an Roinn maidir leis an bhfreagra a thug an Rialtas ar an bpaindéim, lena n-áirítear trí mhaoiniú agus scéimeanna comhairleacha a chur ar fáil do ghnólachtaí, agus faoi dheireadh na bliana bhí an-dul chun cinn déanta againn i dtreo an sprioc fostaíochta sa Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta a bhaint amach ina mbeadh 2.5 milliún duine fostaithe.

Tá sé sprioc straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise. Ghlac an Roinn réimse gníomhartha, in éineacht lena hOifigí agus Gníomhaireachtaí, chun gach aon cheann de na spriocanna seo a bhaint amach, de réir mar a leanas:



## Sprioc Straitéiseach 1: Téarnamh láidir agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach trí ghnó a mhéadú, poist a mhéadú, acmhainneacht agus nuálaíocht.

Le linn 2021, chuaigh an Roinn i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla chun maoiniú a chur ar fáil do chuideachtaí tríd an Deontas Atosaithe agus an Deontas Atosaithe Plus chun cuidiú leis an gcostas a bhaineann le gnólachtaí a athoscailt nó iad a choinneáil ag feidhmiú le linn na géarchéime COVID-19. Cuireadh €685 milliún ar fáil ar an iomlán le linn 2020 agus 2021.

Thacaíomar le SMEnna trí réimse tionscnamh, lena n-áirítear an Fóram Miondíola, tuarascáil an Tascfhórsa SME a sheoladh agus béim níos mó a leagan ar dhigitiú. Tríd an tríú glaoch den Scéim Miondíola ar Líne COVID-19, bronnadh €6.3 milliún ar fáil san iomlán chun cuidiú leo a láithreacht ar líne a threisiú. D'oibríomar chomh maith ar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar réimse scéimeanna chun cinntiú gur féidir le SMEnna rochtain a fháil ar airgeadas inacmhainne, a oireann don staid forbartha ag a bhfuil siad.

Bhí an Roinn i gceannas ar fhorbairt naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha i dtreo 2024 a chomhordú agus cuireadh maoiniú ar fáil chun tacú le tionscnaimh forbartha réigiúnacha tríd an gCiste Forbartha um Fhiontraíocht Réigiúnach agus faoi Chiste Forbartha Fiontar na Teorann.

D'fhoilsíomar an Straitéis Náisiúnta Intleachta Saorga, a bhfuil sé mar aidhm léi deiseanna socheacnamaíocha a bharrfheabhsú agus seoladh an Straitéis Náisiúnta Cianoibre chun tairbhí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil a uasmhéadú agus deiseanna a chur ar fáil maidir le forbairt réigiúnach chothrom.


Chuireamar tús le hobair ar Bheartas agus Creat Náisiúnta maidir le Cnuasú chun cur chuige náisiúnta straitéiseach a bhunú chun forbairt cnuasaithe a chumasú.

Leanamar de thacaíocht a thabhairt do phoist a chruthú trínár ngníomhaireachtaí, leis an líon is mó post riamh á gcruthú i gcliantchuideachtaí. Tháinig glanmhéadú de 17,000 post ar chliantchuideachtaí IDA Éireann le linn na bliana 2021. Tháinig glanmhéadú de 11,911 post ar chliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann. Chuidigh Oifigí Fiontair Áitiúla le cliantchuideachtaí 3,000 post a chruthú i dtéarmaí glana.

Phróiseáil ár nAonad Ceadanna Fostaíochta lear mór d'iarratais ar cheadanna fostaíochta le linn tréimhse ina raibh méadú suntasach ar éileamh agus d'oibrigh sé chun an tionchar a bhí ag moilleanna ar an bpróiseáil atá á dhéanamh ar cheadanna fostaíochta a laghdú do ghnólachtaí agus oibrithe.

Chuamar i dteagmháil ar fud an rialtais maidir le saincheisteanna agus tosaíochtaí barrthábhachtacha a imríonn tionchar ar ár bhfeidhmíocht gheilleagrach, lena n-áirítear tithíocht, cánachas agus gníomhú ar son na haeráide.

Chomhordaigh an Roinn seasamh náisiúnta beartais maidir leis an gclár athbhreithnithe um Nuachóiriú Státchabhrach. Leanamar de dhíriú ar an Straitéis Náisiúnta Spáis a chur i bhfeidhm agus sheolamar ceathrú glao den Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha. Bronnadh maoiniú €95 milliún in 2021 faoin tríú glao.



## Sprioc Straitéiseach 2:

**Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist níos seasmhaí agus comhionannas inscne san ionad oibre a chur chun cinn.**

Bhí an Roinn i gceannas ar an bPrótacal um Obair go sábháilte a fhorbairt agus a athbhreithniú le linn 2021, inar tacaíodh leis an aistriú sábháilte ar ais chuig an ionad oibre i ndiaidh na géarchéime COVID-19.

Rinneamar dul chun cinn suntasach maidir le cearta fostaíochta nua le linn na bliana, lena n-áirítear pá breoiteachta reachtúil, an ceart chun cianobair a iarraidh agus cosaint níos fearr d'aiscí san ionad oibre. Chomh maith leis sin, d'fhoilsíomar Plean Gnímh maidir le hIomarcaíochtaí Coiteanna i ndiaidh Dóchmhainneachta, ina leagtar amach roinnt gealltanais chun cearta oibrithe a chosaint sna cúinsí seo. Thacaigh an Roinn le taighde a rinne an Coimisiún um Pá Íseal maidir le dul chun cinn i dtreo pá maireachtála agus imscrúdú a dhéanamh ar Bhunioncam Uilíoch. Chuireamar líon suntasach de sheirbhísí caidrimh thionscail ar fáil tríd an gCúirt Oibreachais agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

Le linn 2021, bunaíodh Grúpa Ardleibhéil maidir le Comhargáil faoi choimirce an Fhóraim Gheilleagraigh um Fhostóirí is Lucht Saothair.

Chun cuidiú le cothromaíocht inscne a fheabhsú, sheol Fhiontraíocht Éireann The Level Project, ar tionscnamh nua é chun an líon ban i bpoist shinsearacha in SMEnna Éireannacha a mhéadú.

Chuireamar níos mó infheistíochta ar fáil do Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, leis an aidhm sláinte oibrithe a fheabhsú agus gortuithe agus breoiteachtaí san ionad oibre a laghdú. Chomh maith leis sin, chomhordaigh an Roinn freagra na hÉireann i leith Straitéis Ceimiceán i leith Inbhuanaitheacht an AE.



## Sprioc Straitéiseach 3:

**Ár dtimpeallacht rialála gnó agus tarraingteacht na hÉireann a fheabhsú mar áit chun gnó a dhéanamh.**

Sa bhliain 2021, rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le píosaí reachtaíochta tábhachtacha. Bunaíodh Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí), 2021 chun próiseas athstruchtúrtha simplithe a chur ar fáil do chuideachtaí inmharthana. Thugamar reachtaíocht tríd agus fuaireamar maoiniú chun go bhféadfaí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú mar ghníomhaireacht reachtúil agus neamhspleách dar teideal an tÚdarás um Fhorfheidhmiú corparáideach. Síníodh an tAcht um Dhíol Ticéad 2021 ina dhlí agus cuirtear cosc anois ar thicéid a dhíol os cionn a bpraghas bunaidh d'imeachtaí in ionaid ainmnithe.

Thugamar faoi chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus chuireamar obair chun cinn maidir le Treoracha agus Rialacháin AE a thrasuí lena n-áirítear an tAcht um Margaí Digiteacha, an Treoir maidir le Cóipcheart agus Digitiú, an Treoir maidir le hUirlis Dhigiteacha agus Próisis a Úsáid i nDlí na gCuideachtaí, an Treoir maidir le Caingne Ionadaíocha, agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha. Foilsíodh an chéad tuarascáil cur chun feidhme den Phlean Gnímh maidir le hAthchóiriú Árachais le linn na bliana agus léiríodh go raibh 50% de ghníomhartha curtha i bhfeidhm sa chéad sé mhí ó seoladh an Plean Gnímh. Chomh maith leis sin, sheolamar comhairliúchán poiblí maidir le ról an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a fheabhsú agus a athchóiriú.

Chuir Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachta a bhreithniú i gcrích maidir leis an tsaincheist i ndáil le cearta creidiúnaithe i gcomhthéacs leachtaithe agus cuireadh tuarascálacha isteach maidir le faisnéis a chur ar fáil do chreidiúnaithe agus maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le cleachtais leachtaithe agus athstruchtúraithe. D'fhoilsigh an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí tuarascáil maidir le cur le scileanna atá ag teastáil le haghaidh príomhghníomhaíochtaí gan carbón agus rinneadh obair ar mholtaí a tháinig chun cinn as staidéir eile a cuireadh i gcrích le gairid a chur i bhfeidhm.

## Sprioc Straitéiseach 4:
### Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a láidriú agus a mhéadú ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe ina dtacaítear le hardchaighdeáin saothair agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh.

Thacaigh an Roinn agus ár ngníomhaireachta le gnólachtaí tríd an bpróiseas i ndiaidh an Bhreatimeachta agus cuireadh tacaíochtaí airgeadais agus comhairle ar fáil chun cuidiú a thabhairt mar gheall ar an gcur isteach de bharr seiceálacha agus rialuithe custaim a cuireadh i bhfeidhm agus a d'imir tionchar ar thrádáil leis an RA.

Bhunaigh an Tánaiste an Chomhairle Trádála agus Infheistíochta sa bhliain 2021, d'fhonn ceannaireacht éifeachtach a chinntiú i ndáil lenár dtosaíochtaí náisiúnta trádála agus infheistíochta. D'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar le Coimisiún an AE agus le Ballstáit chun idirbheartaíochtaí a chur chun cinn maidir le comhaontuithe trádála le roinnt tíortha. D'oibríomar le IDA Ireland agus Fiontraíocht Éireann freisin maidir le clár de mhisin thrádála agus infheistíochta chuig láithreacha barrthábhachtacha. Den chéad uair ón mbliain 2019, d'óstáil Fiontraíocht Éireann Seachtain na Margaí Idirnáisiúnta inar ghlac 700 cuideachta páirt i gcruinnithe le comhairleoirí EI.

Leanamar dár rannpháirtíocht ag leibhéal an AE, lena n-áirítear freastal an Aire ag an gComhairle Thrádála agus an Chomhairle Iomaíochais. Rinneamar ionadaíocht ar Éirinn freisin ar réimse grúpaí oibre agus coistí a dhéileálann le saincheisteanna an Mhargaidh Aonair agus rinneadh bainistiú ar ionchur na hÉireann chuig líonraí AE eile, lena n-áirítear an tIonad SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh.

Maidir lenár bhfeidhmeanna i ndáil le ceadúnú agus rialú trádála a chomhlíonadh, d'eisigh an Roinn 636 ceadúnas onnmhairithe 2021 agus cuireadh cuairteanna for-rochtana agus comhlíonta chuig áitribh onnmhaireoirí i gcrích. Chomh maith leis sin, chuir an Roinn a chéad théarma riamh mar chomhalta titulaire den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair i gcrích, a raibh cearta labhartha agus vótála i gceist leis.

I mí Meithimh, ghlac a  Tánaiste páirt san Idirphlé maidir le hOileán Comhroinnte maidir leis an ngeilleagar uile-oileáin, dar teideal Building Back Together, ar ghlac daoine den phobal fiontraíochta páirt mhór ann.

## Sprioc Straitéiseach 5:
### An t-aistriú glas a chur chun cinn maidir le cúrsaí fiontraíochta, ag comhlíonadh ár ngealltanais i ndáil le hathrú aeráide.

Chuir an Roinn ionchur suntasach ar fáil maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 agus ghníomhaigh ar fud an rialtais chun na bearta a fhorbairt a chaithfidh an earnáil fiontraíochta a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí a laghdú i gcomhréir leis na spriocanna atá sa Phlean. Fuaireamar maoiniú €55 milliún ón AE freisin do thionscadail cúnaimh deontais chun dlús a chur leis an earnáil fiontraíochta a dhícharbónú.

Sheol Fiontraíocht Éireann feachtas idirnáisiúnta chun nuálaithe glasa na hÉireann a  chur chun cinn a chuireann réitigh inbhuanaithe ar fáil chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Leanann Clár Taighde Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann do Ghnólachtaí Beaga de thacaíocht a thabhairt do mhúnlaí gnó agus teicneolaíochtaí cliste agus glasa nua.

Sheol an Tánaiste agus an tAire Cumarsáide, Aeráide agus Cumarsáide foireann uirlisí ar líne chun go mbeadh sí níos éasca ag gnólachtaí dul i ngleic leis an tionchar aeráide atá acu.  Seoladh an Ciste Fiontair um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2021 chun deiseanna a chur ar fáil do chuideachtaí pleananna a fhorbairt i réimsí amhail éifeachtúlacht acmhainní agus fuinneamh in-athnuaite.

Chuaigh an Roinn i mbun réimse beart chomh maith chun inbhuanaitheacht a fheabhsú agus chun bheith níos éifeachtaí i dtaobh fuinnimh de inár gcuid foirgneamh agus cleachtas féin. Tá laghdú 63% déanta ar úsáid fuinnimh ón mbonnbhliain 2009.



## Sprioc Straitéiseach 6: Roinn atá nuálach agus sofhreagrúil a fhorbairt ag a bhfuil eiteas láidir i leith seirbhís phoiblí ag stiúradh cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais.

Ghníomhaigh an Roinn go tréan i leith na ndúshlán a bhain le COVID-19 agus i leith an tionchair a bhí aige sin ar ár n-oibríochtaí. Thacaíomar le baill foirne lena chinntiú gur baineadh amach ár dtosaíochtaí gnó ar fad i gcónaí, d'ainneoin timpeallacht oibrithe a bhí athruithe go mór le linn na bliana. D'fhorbraíomar Straitéis Daoine nua 2021-2024 do DETE ina leagtar amach plean chun baill foirne a fháil, a fhorbairt agus a choinneáil le go mbeimis in ann ár misean a chur i gcrích. Leagadh amach an tionscadal Connected Teams lena chinntiú gur chuireamar timpeallacht oibre cumaisc ar fáil ina dtacaítear le feidhmíocht na heagraíochta, nascacht na foirne agus folláine na bhfostaithe.

Fuaireamar leithdháileadh buiséid bhreise don bhliain 2021 lena chinntiú go bhféadfadh an Roinn agus ár ngníomhaireachtaí na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil do ghnólachtaí agus iad ag déileáil leis na dúshláin maidir le COVID-19 agus an Breatimeacht. D'fhoilsíomar athbhreithniú ar chaiteachas caipitil na Roinne le linn na tréimhse 2006-2020.

Dhírigh Aonad ICT na Roinne ar dhul in oiriúint do na dúshláin a bhí i gceist i ngeall ar an ngéarchéim COVID-19. Glacadh réimse bearta chun ár gcumas a mhéadú tacú le cianobair agus ullmhú d'obair chumaisc amach anseo. Chuireamar réimse cosaintí breise i bhfeidhm freisin chun cosaint a thabhairt in aghaidh an bhaoil níos mó maidir le cibirionsaí.

Reáchtáil ár nAonad Cumarsáide líon feachtas, go háirithe trínár n-ardáin dhigiteacha, agus tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíocht ar fud na n-ardán sin; mhéadaigh ár lucht leanúna ar ár leathanach LinkedIn beagnach 50%, fuair ár leathanach Twitter 14.5 milliún taispeáint, agus taifeadadh 2.2 milliún amharc leathanaigh ar ár láithreán gréasáin. Chinntigh ár bhfoireann cumarsáide inmheánach go raibh ár mbaill foirne ar an eolas i gcónaí, go háirithe le linn tréimhsí níos faide ama ina raibh siad i mbun cianoibre.

Leagamar béim láidir i gcónaí ar shláinte agus sábháilteacht na mball foirne le linn 2021, agus chuireamar obair nuachóirithe agus uasghrádaithe chun cinn inár bhfoirgnimh. Chinntíomar freisin gur comhlíonadh ár n-oibleagáidí i leith rialachas corparáideach agus comhlíonadh, agus chinntíomar i gcónaí gur leagadh béim ar sheirbhís do chustaiméirí. Dhírigh ár bhfoireann iniúchóireachta inmheánach ar rioscaí straitéiseach agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19.

# Fís

Is é fís na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go mbeadh Éire ar an ait is fearr chun áit is fearr chun bheith rathúil i mbun gnó, agus chun fostaíocht iomlán inbhuanaithe agus caighdeáin mhaireachtála níos airde a chur ar fáil i ngach réigiún ar fud na tíre.

# Misean

Is é an misean atá aici ceannaireacht a thabhairt i ndáil le fostaíocht iomlán ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a chruthú agus a choinneáil ar fud gach réigiúin den tír trí thacú le fiontraíocht agus nuálaíocht ar fud an rialtais, trí thacú le bonn gnó iomaíocht chun obair, fiontraíocht, trádáil agus nuálaíocht agus infheistíocht a spreagadh agus trí mhargaí cothroma agus iomaíocha a chur chun cinn mar aon leis an dea-chleachtas gnó trí obair rialála agus forfheidhmithe na Roinne, a hOifigí agus a gníomhaireachtaí.

# Luachanna

Is iad na luachanna atá aici cultúr a chothú i ndáil le cuntasacht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead, atá fréamhaithe in éiteas seirbhíse poiblí maidir le neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, dínit agus meas. Mar Státseirbhísigh, tacaímid leis na caighdeáin is airde i ndáil le gairmiúlacht, macántacht, oibiachtúlacht agus cáilíocht, atá lárnach i ndáil lenár róil a chomhlíonadh chun tacú leis an bpróiseas daonlathach agus freastal ar an bpobal.

# Struchtúr na Roinne

Is í an tArd-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, atá i gceannas ar an Roinn, agus tá an Roinn roinnte in ocht Rannán, mar aon le líon Oifigí. Chomh maith leis sin, cuidíonn líon Gníomhaireachtaí neamhspleácha leis an Roinn maidir lena cláir a bhaint amach.

Is í an Dr Quinn, in éineacht le hochtar Rúnaithe Cúnta agus an Ceann an Aonaid Rialachais, Faisnéise agus Tacaíocht Bhainistíochta a chuimsíonn Bord Bainistíochta na Roinne.

Tá gach aon Rúnaí Cúnta i gceannas ar Rannán, agus cuimsíonn gach Rannán líon Aonaid Ghnó a bhfuil Príomhoifigigh i gceannas orthu. Tá achoimre ar fheidhmeanna agus freagrachtaí gach aon Rannáin ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

## An Bord Bainistíochta

**An Dr Orlaigh Quinn**
Ard-Rúnaí

| Declan Hughes | Dermot Mulligan | Jean Carberry | Ronnie Downes | David Hegarty | Clare Dunne | John Newham | Pauline Mulligan |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fiontair, SMEnna agus Fiontraíocht na hÉireann | Nuálaíocht agus Infheistíocht | AE, Digiteach agus Rochtain ar Airgeadas | Trádáil | Straitéis Fiontar, Iomaíochta agus Measúnú | Rialú Ionad Oibre agus Imirce Eacnamaíoch | Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíochas | Seirbhísí Corparáideacha |

# Cairt Eagraíochta

**An Dr Orlaigh Quinn** – Ard-Rúnaí

- **Declan Hughes** – Fiontair, SMEnna agus Fiontraíocht na hÉireann
  - **Colm Forde** – Pleananna agus Tionscnaimh Fiontar Réigiúnach
  - **Thomas Murray** – Idirchaidreamh le Fiontraíocht Éireann
  - **Maedhbh Cronin** – Polasaí um Bunathrú Miondíola agus Earnála
  - **Karen Hynes** – Polasaí SME agus Fiontraíochta agus Idirchaidreamh LEO
- **Dermot Mulligan** – Nuálaíocht agus Infheistíocht
  - **Toby Sainsbury** – Déantúsaíocht Amach Anseo Éireann
  - **Emma Jane Morgan** – Cláir Nuálaíochta Fiontar
  - **Conor Verdon** – Maoin Intleachtúil agus Idirchaidreamh NSAI
  - **Eugene Lennon** – Isteach agus Thuaidh/Theas
  - **Céline McHugh** – Polasaí Tógála agus Nuálaíochta Fiontar
- **Jean Carberry** – AE, Digiteach agus Rochtain ar Airgeadas
  - **John Dooley** – Gnóthaí AE agus Margaidh Aonair
  - **Fiona Kilcullen** – Rochtain ar Airgeadas
  - **Bernadette Hawkes** – Polasaí Finance for Growth agus Cúnamh Stáit
  - **Sabha Greene** – Mhargadh Aonair Digiteach agus Geilleagar Digiteach
  - **Eadaoin Collins** – Thar Sáile (An Bhruiséil)
- **Ronnie Downes** – Trádáil
  - **John Hughes** – Beartas Trádála, Trádáil Iltaobhach AE
  - **Eamonn Cahill** – Rialú agus Ceadúnú Trádála
  - **Liam Morris** – Forfheidhmiú Trádála agus Infheistíochta
  - **Anne Coleman Dunne** – Scagadh Infheistíochta, OECD NCP agus IE/UK
  - **Patrick Rochford** – Thar Sáile (Londain)
  - **Anne-Marie Finlay** – Thar Sáile (Beirlín)
  - **Eugene Forde** – Thar Sáile (An Ghinéiv)
  - **Harry Lester** – Thar Sáile (Washington)
- **David Hegarty** – Straitéis Fiontar, Iomaíochta agus Measúnú
  - **Oliver Gilvarry** – Polasaí Fiontar agus Cánach
  - **Marie Bourke** – Gníomhú ar son na hAeráide agus Bonneagar Eacnamaíoch
  - **Marcus Breathnach** – Margadh Fostaíochta agus Scileanna
  - **Cairen Power** – Sonraí agus Measúnú
  - **Dermot Coates** – Straitéis Fiontar
- **Clare Dunne** – Rialú Ionad Oibre agus Imirce Eacnamaíoch
  - **Wendy Gray** – Polasaí um Chearta Fostaíochta
  - **Dara Breathnach/ Mary Johnson** – Polasaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta
  - **Kevin Daly** – Imirce Eacnamaíoch, Ceadanna Fostaíochta, EPSCO/ILO Int
  - **Tara Coogan** – IR, Caidrimh Ionaid Oibre, Breithniú Conarthaí Tógála
  - **Stephen Curran** – Polasaí Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimicí
- **John Newham** – Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíochas
  - **Clare McNamara** – Polasaí Iomaíochta agus Tomhaltóirí
  - **John Maher** – Polasaí Dlí Cuideachta agus Idirchaidreamh PIAB
  - **Fiona O'Dea** – Athbhreithniú Dlí Cuideachta
  - **Nina Brennan** – Iniúchadh Dlí Cuideachta agus Polasaí Cuntasaíochta agus Reachtaíocht
  - **John Shine** – Polasaí Cláraithe agus Rialaithe Cuideachtaí
  - **Malachy Quinn** – Iniúchadh Inmheánach
  - **Maureen O'Sullivan** – CRO, RFS, RBO – Cláraitheoir
- **Pauline Mulligan** – Seirbhísí Corparáideacha
  - **Denise Kennedy** – Acmhainní Daonna agus LDU
  - **Cathal O'Gorman** – Aonad Airgeadais
  - **Pat McCourt** – TFC
  - **Fionna Hallinan** – Faisnéis Rialachais agus Tacaíocht Bainistíochta
  - **Cathy Madden** – An tAonad Cumarsáide
  - **Fergal Cullen** – Seirbhísí Gnó
  - **Aimee Sweeney** – Aonad na gComhairleoirí Dlí

# Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne

**An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta**
Department of Enterprise, Trade and Employment

## OIFIGÍ

**Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
Stiúrthóir
Ian Drennan

**Oifig Maoine Intleachtacha na hÉireann**
Rialaitheoir
Gerard Barrett

**An Oifig um Chlárú Cuideachtaí**
Cláraitheoir
Maureen O'Sullivan

**Clárlann na gCumann Saoráideach**
Cláraitheoir
Maureen O'Sullivan

**Clárlann um Úinéireacht Thairbheach**
Cláraitheoir
Maureen O'Sullivan

**An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre**
Cathaoirleach
Liam Kelly

**An Chúirt Oibreachais**
Cathaoirleach
Kevin Foley

## Gníomhaireachtaí

**IDA Ireland**
Príomhfheidhmeannach
Martin D. Shanahan

**Fiontraíocht Éireann**
Príomhfheidhmeannach
Leo Clancy

**An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann**
Príomhfheidhmeannach
Geraldine Larkin


**An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta**
Príomhfheidhmeannach
Dr Sharon McGuinness

**An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí**
Cathaoirleach
Jeremy Godfrey

**Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta**
Príomhfheidhmeannach
Rosalind Carroll

**Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann**
Príomhfheidhmeannach
Kevin Prendergast

# Ráiteas Straitéise 2021-2023



# Sprioc Straitéiseach 1:

Téarnamh láidir agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach trí ghnó a mhéadú, poist a mhéadú, acmhainneacht agus nuálaíocht.

## Ag freagairt do phaindéim COVID-19

**Lean an phaindéim COVID-19 de chur isteach ar ghnó sa bhliain 2021. Ina ainneoin sin, lean fostaíocht ag méadú i dtreo sprioc an Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta de 2.5 milliún i bhfostaíocht.**

**Bhí ról barrthábhachtach ag an Roinn i gcónaí maidir le freagra níos leithne an Rialtais i leith na paindéime, trí scéimeanna maoinithe, rialála agus comhairleacha a chur ar fáil do ghnólachtaí.**

### Deontas Atosaithe

Ag obair le húdaráis áitiúla le linn 2020 agus 2021, cuireadh €685 milliún ar fáil le níos mó ná 108,000 deontas curtha ar fáil tríd an Deontas Atosaithe agus an Deontas Atosaithe Plus. Chuir siad seo leis an gcostas a bhain le gnó a athoscailt nó a choinneáil ag feidhmiú agus athcheangal le fostaithe agus custaiméirí.

### Scéim Miondíola ar Líne COVID-19

Tugadh an Scéim Miondíola ar Líne COVID-19 isteach in 2020 chun cuidiú le miondíoltóirí dúchasacha na hÉireann a ngnólachtaí a choinneáil ag imeacht tríd an ngéarchéim agus sa todhchaí trína dtairiscint ar líne a láidriú, a mbonn custaiméirí a mhéadú, agus gnó níos acmhainní a fhorbairt sa mhargadh baile agus domhanda, ar líne agus as líne araon. Le linn na bliana 2021, trí thriú Glao den Scéim, bronnadh €6.3 milliún san iomlán ar 173 miondíoltóir chun dlús a chur lena dtairiscint dhigiteach.

## Tacú le SMEnna

**Thacaigh an Roinn le gnólachtaí beaga agus meánmhéide (SMEnna) trí réimse tionscnamh náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2021:**

- Cuireadh faisnéis ríthábhachtach cothrom le dáta ar fáil ar an láithreán gréasáin supportingsmes.gov.ie maidir le réimse tionscnamh gnó idir thacaíochtaí i ndáil le COVID-19 agus an Breatimeacht.
- Cuireadh síneadh ama leis an gCód Iompair, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020, idir tiarnaí talún agus gnólachtaí maidir le cíosanna tráchtála go dtí deireadh mhí Aibreáin 2022.
- Tionóladh an Fóram Miondíola, a ndearna an tAire English cathaoirleacht air, gach ráithe chun cuidiú leis an earnáil mhiondíola a bealach a dhéanamh tríd an bpaindéime agus díriú ar riachtanais forbartha na hearnála.
- Chomh maith leis sin, thionóil an tAire English líon cruinnithe Miondíola Comhchéime leis na hearnálacha miondíola, grósaeireachta agus dáileacháin inar díríodh ar an mBreatimeacht agus COVID-19. Trí na cruinnithe, rinneadh éascaíocht ar rannpháirtíocht le réimse Ranna Rialtais agus comhlachtaí ábhartha chun cur isteach ar shlabhraí soláthair a íoslaghdú. Chuidigh na cruinnithe seo leis an earnáil freisin chun dul i ngleic le tionchar COVID-19, na tréimhsí inar dúnadh miondíol neamhriachtanach agus an treoir sláinte phoiblí leanúnach.
- I mí Eanáir 2021, trí Thuarascáil an Tascfhórsa SME: Plean Náisiúnta Fáis SME agus Fiontraíochta, cuireadh sraith moltaí ar fáil go díreach ón bpobal gnó don Rialtas, maidir leis an mbealach chun an timpeallacht gnó agus rialála is fearr agus is féidir a fhorbairt do SMEnna agus fiontraithe.
- Lean Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann (DCCI) i mbun tacaíocht a thabhairt do dhearthóirí agus déantóirí chun a ngnólachtaí a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe. Mhaoinigh an Roinn gníomhaíochtaí DCCI trí Fhiontraíocht Éireann.
- Ag leibhéal an AE, lean an roinn de bheith rannpháirteach ar bhonn réamhghníomhach mar bhall den Líonra Toscairí SME maidir le saincheisteanna ar nós tacaíochtaí do SMEnna le linn an téarnaimh, SMEnna a dhigitiú agus teacht a bheith ar mhaoiniú.
- D'éirigh Éire ina sínitheoir den EU Start-Up Nations Standard i mí an Mhárta 2021, ina gcuirtear sraith de dhea-chleachtais ar fáil chun éiceachóras níos fearr a chruthú do ghnólachtaí nuathionscanta.
- Go hidirnáisiúnta, bhí an Roinn ina rannpháirtí gníomhach arís ag Coiste an OECD maidir le SMEnna agus Fiontraíocht (CMSEE), i ndiaidh di ról feiceálach a bheith aici chun tacú lena ardú chuig stádas mar Choiste ó stádas Meitheal Oibre i mí an Mhárta 2021. Tacaíodh leis an rannpháirtíocht seo ag leibhéal OECD trí Éire

a bheith ag déanamh comhchathaoirleacht, ag leibhéal an Aire, ar chruinniú comhchéime maidir le tionscnamh an OECD Digiteach do SME i mí na Nollag 2021. Tríd an rannpháirtíocht ghníomhach seo, forbraíodh caidrimh láidre lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus bhí an rannpháirtíocht ina hacmhainn luachmhar chun bonn eolas a chur faoi bheartas i leith SMEnna intíre a fhorbairtí réimsí ar nós SMEnna a mhaoiniú, a nuáil agus a dhigitiú.

## Rochtain ar Airgeadas

Tá ról lárnach ag an Roinn chun cinnte a dhéanamh de gur féidir le SMEnna, micre-aghnóthais ina measc, maoiniú cuí agus inacmhainne a fháil atá oiriúnach dá gcéim forbartha. Tá réimse leathan tacaíochtaí airgeadais ar fáil do chuideachtaí anois ag gach céim dá saolré – idir ghnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí luathchéime agus cuideachtaí atá ag iarradh scálú agus méadú.

| **Scéimeanna iasachta arna gceadú ag an Roinn** | | |
|---|---|---|
| **Scéim Iasachta** | **An Líon ceadaithe/ tarraingthe anuas** | **Luach na nIasachtaí** |
| Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 | 8,867 | €616 milliún |
| Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí | 738 | €193 milliún |
| Scéim Iasachta um Thionchar Breatimeachta | 48 | €18 milliún |
| An Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair | 545 | €8.5 milliún |

- In 2021, thug an Roinne an Bille fá Chomhaontuithe um Scéimeanna Ráthaíochta Iasachta (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann) 2021 tríd an bpróiseas reachtach agus achtaíodh é i mí an Mheithimh 2021 chun an reachtaíocht riachtanach a chur ar fáil chun an Scéim Iasachta um Thionchar Breatimeachta a sheachadadh.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2021 chun Éiceachóras Cothromais na hÉireann a fhorbairt agus a fheabhsú. Seoladh an tríú glao de Scéim Fhiontraíocht Éireann um Chaipiteal Síl & Fiontair i mí an Mhárta 2021, agus cuireadh €71 milliún ar fáil san iomlán d'iarratasóirí ar éirigh leo.
- Chomh maith leis sin, bhí an Roinn i gceannas ar fhorbairt Chiste Síl Nuálaíochta €90 milliún na hÉireann, trína n-infheisteofar in eagraíochtaí nuálacha Éireannacha ag an gcéim forbartha is luaithe in earnálacha ar nós Eolaíochtaí na Beatha, Cúram Sláinte, Cógais, Digitiú, Glas agus Fiontair faoi cheannas Ban.

## Forbairt Réigiúnach

### Pleananna Fiontair Réigiúnacha

Leagtar béim mhór i gClár an Rialtais ar fhorbairt réigiúnach níos cothroime a bhaint amach. Chun an sprioc beartais seo a bhaint amach in 2021, rinne an Roinn maoirseacht ar naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha nua i dtreo 2024. Is pleananna ón mbonn aníos iad seo, a d'fhorbair páirtithe leasmhara réigiúnacha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fiontraíochta, oifigí fiontair áitiúla, údaráis áitiúla, fóram um scileanna réigiúnacha agus institiúidí oideachais agus oiliúna chun cur ar fáil forbairt chothrom fiontraíochta a spreagadh.

Tá sé mar aidhm leis na Pleananna deiseanna fáis a aithint, leochaileachtaí a aithint, agus mar fhreagra air sin, an éiceachóras fiontraíochta réigiúnach a neartú. Cuireann siad seo le hobair leanúnach Fhiontraíocht Éireann, IDA Ireland, LEOnna agus eile ina leagtar béim ar thionscnaimh chomhoibríocha dírithe ar phoist a chruthú sna réigiúin. Déanann Coiste Stiúrtha Réigiúnach maoirseacht agus monatóireacht ar gach aon Phlean, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara agus a ndéanann duine gnó ag an leibhéal sinsearach san earnáil phríobháideach cathaoirleacht air.

### An Ciste Forbartha um Fhiontraíocht Réigiúnach

Bhí an Ciste Forbartha um Fhiontraíocht Réigiúnach (REDF) agus Ciste Forbartha Fiontar na Teorann (BEDF) ina n-uirlisí beartais éifeachtacha freisin chun tacú le tionscnaimh réigiúnacha suntasacha chun forbairt a dhéanamh ar láidreachtaí earnála agus forbairt na fiontraíochta agus na fostaíochta a chur chun cinn sna réigiúin. Go dtí seo, maoiníodh 79 tionscadal faoi Ghlaonna 1, 2, & 3 REDF agus BEDF le €117 milliún san iomlán. Cuireadh €10 milliún breise ar fáil do thionscadail reatha REDF agus BEDF in earnálacha agus réigiúin ar imir COVID-19 nó éifeachtaí Breatimeachta drochthionchar orthu faoin Scéim Aistrithe um Fhiontraíocht Réigiúnach inar leithdháileadh €548,250 ar 18 iarratasóir.

### An Ciste um Speisialtóireacht Chliste

Tá Speisialtóireacht Chliste ina coincheap beartais nuálaíochta a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach agus a bhfuil sé mar aidhm léi borradh a chur faoi nuálaíocht réigiúnach, a chuireann le fás agus rathúnas trí chuidiú le réigiúin agus iad a chumasú chun díriú ar a láidreachtaí. In 2021, chuir an Roinn tús le Straitéis na hÉireann um Speisialtóireacht Chliste a ullmhú. Bhí sé seo ina chuid lárnach de rannpháirtíocht páirtithe leasmhara do na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha.

### An Beartas Náisiúnta maidir le Cnuasú

Le linn 2021, chuir an Roinn tús le hobair chun an Beartas agus Creat Náisiúnta maidir le Cnuasú a fhorbairt atá ina tháirge insoláthartha tábhachtach faoi Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta na hÉireann. Tríd an mBeartas Náisiúnta maidir le Cnuasú, tá an Roinn ag féachaint le cur chuige náisiúnta comhtháite agus straitéiseach a bhunú chun forbairt cnuasach a chumasú, chun leas a bhaint as an acmhainn a bhaineann le cnuasú mar uirlis bheartais trínar féidir cuidiú le cuspóirí beartais i leith fiontraíocht a bhaint amach. Trí seo, cuirfear le hinfheictheacht ghnólachtaí na hÉireann i margaí idirnáisiúnta; cuirfear le tarraingteacht na hÉireann i leith infheistíocht ghnó nua; neartófar táirgiúlacht SMEnna, iomaíochas agus acmhainneacht fiontar; agus beidh sé ina chúis spreagtha don aistriú glas agus digiteach.

## Poist a Chruthú

**Tháinig fás láidir ar fhostaíocht sa bhliain 2021 arbh iad ár n-earnálacha onnmhairithe go príomha ba chúis leis sin. Faoi dheireadh na bliana, bhí figiúirí fostaíochta i bhfad os cionn figiúirí roimh an bpaindéim. Lean an Roinn de thacú le poist a chruthú trína gníomhaireachtaí.**

### IDA Ireland

Seoladh straitéis nua ceithre bliana IDA i dtús mhí Eanáir 2021. Is é 'Téarnamh agus Fás a Spreagadh 2021-2024' an teideal atá ar an Straitéis, atá tógtha ar chúig cholún cónasctha – fás, claochlú, réigiúin, inbhuanaitheacht agus éifeacht. Tá IDA Ireland ag díriú ar 800 infheistíochtaí agus ar 50,000 post a chruthú le linn na tréimhse 2021-2024. Tá an straitéis leagtha amach chun líon suntasach post a chruthú agus gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh, ag díriú ar mhéadú 20% ar chaiteachas cliant chun an tionchar atá ag infheistíocht dhíreach choigríche a uasmhéadú.

D'éirigh go maith le IDA Ireland sa bhliain 2021 agus 29,057 post nua comhlán á gcruthú ag cliantchuideachtaí, ar méadú glan de bheagnach 17,000 post atá ann bliain i ndiaidh bliana. B'ionann Infheistíocht Dhíreach Choigríche iomlán in Éirinn ag deireadh na bliana 2021 agus 275,384, an líon is airde a fostaíodh san earnáil ilnáisiúnta riamh. Den 249 infheistíocht nua a gnóthaíodh sa bhliain 2021, bhí 133 (53%) in áiteanna réigiúnacha, agus bhí méadú ar fhostaíocht i ngach réigiún den tír.

### Fiontraíocht Éireann

Agus a bealach á dhéanamh ag fiontraíocht na hÉireann trí éifeacht COVID-19 agus caidreamh trádála nua na hÉireann leis an RA, ba é príomhchúram Fhiontraíocht Éireann in 2021 ná bonn fiontraíochta acmhainneach a chruthú d'fhonn poist agus onnmhairí a choinneáil.

D'fhonn é seo a bhaint amach, ba iad tosaíochtaí straitéiseacha Fhiontraíocht Éireann in 2021 ná fiontraíocht na hÉireann a neartú, athrú claochlaitheach a spreagadh agus scála a fhorbairt. Cuireadh maoiniú breis agus €220 milliún ar fáil do chuideachtaí faoi scéimeanna éagsúla sa bhliain 2021 chun cuidiú le fiontraíocht a neartú.

Mar léiriú ar an teacht aniar ar fhás geilleagrach i ndiaidh na paindéime, thuairiscigh cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann fás láidir ar phoist le 207,894 duine fostaithe i gcuideachtaí a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo agus méadú glan de 11,911 post, an bhliain aonair is airde a tuairiscíodh.

Mar thoradh ar na figiúirí dearfach i ndáil le poist, tháinig méadú ar fhostaíocht ar fud gach réigiúin in Éirinn, agus 68% de phoist nua á gcruthú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

### Oifigí Fiontair Áitiúla

Tá na 31 Oifig Fiontair Áitiúla (LEOnna) ar an 'gcéad ionad ilfhreastail' maidir le comhairle agus treoir, cúnamh airgeadais agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh gnó dá gcuid féin a thosú nó a ngnó féin a mhéadú. In 2021, sholáthair LEOnna glanmhéadú de 3,000 post trí cúnamh deontais a chur ar fáil do mhicreaghnóthais, arbh ionann é agus an t-ochtú bliain as a chéile dóibh i ndáil le fás. Tá 7,158 cliantchuideachtaí ar an bportfóilió LEO anois, a thacaíonn le 35,729 post gaolmhar, a bhfuil 85% díobh sin lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

### Idir-Thrádáil Éireann

Is é an phríomhfhreagracht atá ar Idir-Thrádáil Éireann (ITI) trádáil agus gnó a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin agus trasteorann. B'ionann maoiniú na Roinne do ITI sa bhliain 2021 agus thart ar €11m agus i gcaitheamh na bliana, lorg an ghníomhaireacht deiseanna nua i leith trádáil Thuaidh-Theas, tugadh tacaíocht do chnuasaigh agus líonraí a fhorbairt ar fud an oileáin agus cuidíodh le trádálaithe trasteorann dul in oiriúint don chaidreamh trádála nua i ndáil leis an mBreatimeacht. I measc na n-aschur don bhliain 2021, cruthaíodh 1,866 post san iomlán in aghaidh sprioc de 1500 don bhliain.

## Imirce Eacnamaíoch

**Oibríonn an Roinn, thar ceann an Stáit, córas ceadanna fostaíochta bainistithe chun na tairbhí a bhaineann le himirce eacnamaíoch a uasmhéadú agus an baol go gcuirfí isteach ar mhargadh fostaíochta na hÉireann a íoslaghdú.**

Tá athrú suntasach tagtha ar mhargadh fostaíochta na hÉireann ó bhí COVID-19 ann. Bhí sé seo ina ceist shuntasach mar thoradh ar athbhreithnithe a rinneadh le gairid ar na Liostaí Gairmeacha do Cheadanna Fostaíochta agus moltaí a fógraíodh i mí an Mheithimh agus mí Dheireadh Fómhair 2021. Rinneadh roinnt athruithe ar na Liostaí Gairmeacha do Cheadanna Fostaíocht chun dul i ngleic le ganntanais scileanna agus oibrithe níos láithrí in earnálacha áirithe, lena n-airítear cúram sláinte, fáilteachas, tógáil, talmhaíocht agus iompar agus lóistíocht.

Leanadh den obair 2021 den Bhille um Chead Fostaíochta (Comhdhlúthú agus Leasú) a dhréachtú. Is é an príomhchuspóir atá ag an reachtaíocht atá beartaithe na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta a chomhdhlúthú, agus chun leasuithe áirithe a dhéanamh chun an córas ceadanna fostaíochta a nuachóiriú agus a fhreagrúlacht a mhéadú i leith forbairtí sa gheilleagar agus sa mhargadh fostaíochta.

### Ceadanna Fostaíochta

I mí an Mhárta 2020, chuir an Roinn socruithe teagmhais i bhfeidhm maidir le COVID-19 agus brostaíodh na ceadanna fostaíochta leighis ar fad le héifeacht láithreach.

Tháinig méadú suntasach ar iarratais do cheadanna fostaíochta le linn 2021 a d'imir tionchar ar agaí próiseála. Ó thús mhí Eanáir 2021 go deireadh mhí na Nollag 2021, fuarthas thart ar 27,666 iarratas, arb ionann é agus méadú 69% ar an tréimhse chéanna sa bhliain 2020 (16,293) agus méadú 47% ar an mbliain 2019 (18,811), agus arbh ionann é sin féin agus an líon is airde d'iarratais in 11 bliana.

D'eisigh an Roinn 16,275 cead fostaíochta in 2021 agus próiseáladh 17,968 iarratas san iomlán, ar léiriú é ar méid suntasach gníomhaíochta. Chomh maith leis sin, mar thoradh ar an Athbhreithniú ar Liostaí Gairmeacha i mí Dheireadh Fómhair 2021, cuireadh le hinfhaighteacht ceadanna fostaíochta i gcás catagóirí fostaíochta áirithe, lena n-airítear 3,200 cead talmhaíochta breise.

D'aithin an Roinn an éifeacht a bhí ag moilleanna ar cheadanna a phróiseáil do ghnólachtaí agus a gcuid oibrithe agus le linn 2021, forbraíodh plean gníomhaíochta chun agaí próiseála a mhéadaigh le linn na paindéime a laghdú, lenar áiríodh acmhainní foirne breise agus athruithe córasacha.

D'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar leis an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Dlí agus Cirt chun cur leis an tréimhse ama i leith Ceadanna Fostaíochta Ginearálta (GEP) a eisíodh chuig dochtúirí í a chuíchóiriú. Chomh maith leis sin, tugadh isteach GEP dhá bhliain ilsuímh do dochtúirí leighis in ospidéil phoiblí agus i saoráidí sláinte phoiblí d'uainíocht mhí Eanáir 2022 na ndochtúirí.

## Geilleagar atá ag Méadú

### Bonneagar Geilleagrach

Le linn 2021, bhí an Roinn gníomhach ar fud an Rialtais maidir le saincheisteanna agus tosaíochtaí barrthábhachtacha d'úsáideoirí gnó, inar díríodh ar iomaíochas thimpeallacht ghnó na hÉireann. Áiríodh leis sin ionadaíocht ar leibhéal an Ard-Rúnaí ar Bhord Seachadta Thionscadal Éireann 2040.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar le hOifig Náisiúnta Infheistíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar aon le Ranna ábhartha eile chun ionchur a chur ar fáil maidir le riachtanais bhonneagair i gcás na fiontraíochta, d'fhonn timpeallacht ghnó agus uaillmhianta fostaíochta iomaíocha agus tarraingteacha a choinneáil.

De bhreis air sin, mar chuid de cheisteanna i ndáil le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 go príomha, d'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eirgrid, SEAI agus páirtithe leasmhara eile maidir le réimse saincheisteanna ar nós iomaíochas agus impleachtaí maidir le slándáil an tsoláthair i ndáil le bonneagar fuinnimh, lárionaid sonraí, an Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite, an scéim nua micirghiniúna agus creat beartais a fhorbairt le go spreagfaí úsáideoirí móra fuinnimh chun Comhaontuithe Ceannacháin Cumhachta Corparáideacha a ghlacadh.

### Cáin

Le linn 2021, bhí an Roinn gníomhach ar bhonn leanúnach ar fud an Rialtais i ndáil le tacaíochtaí COVID-19 arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí sé mar aidhm leis an rannpháirtíocht seo a chinntiú go ndearnadh na tacaíochtaí seo a leagan amach agus a chur i bhfeidhm ar bhealach ina nglacfadh an líon is mó gnólachtaí iad a raibh cúnamh ag teastáil uathu.

Chuaigh an Roinn i mbun plé forleathan le grúpaí ionadaíochta fiontar agus oibríodh i ndlúthchomhar le Gníomhaireachtaí forbartha na Roinne chun Aighneacht Réamhbhuiséid comhghníomhaireachta a fhorbairt. Príomhchuspóir na haighneachta ab ea cinnte a dhéanamh de go gcuideodh Buiséad 2022 le fiontraíocht i gcónaí agus go gcuirfí tuairimí agus riachtanais fiontar san áireamh.

Áiríodh leis an aighneacht moltaí a bhfuil sé mar aidhm leo an muirear cánach pearsanta a laghdú, lena n-airítear faoisimh chánach bhreisithe do chianoibrithe, agus roinnt moltaí a bhfuil sé mar aidhm leo nuálaíocht agus fiontraíocht a spreagadh. Is fiú a lua gur faoin Acht Airgeadais 2021, leagadh amach go mionsonrach in 2021 Creidmheas Cánach Cluichí agus moladh tús a chur leis a tharla mar thoradh ar mholtaí na Roinne in 2020.

I bhfianaise a thábhachtaí atá an timpeallacht chánach idirnáisiúnta do go leor dár gcuid fiontair, ghníomhaigh an Roinn i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara barrthábhachtacha ar fud an Rialtais freisin in 2021 chun fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí sa réimse seo.

### Tithíocht

Tá an Roinn i gceannas ar 10 gcinn den 213 gníomh i straitéis Tithíocht do Chách (HfA) an Rialtais agus bunaíodh aonad nua chun ceannaireacht a thabhairt i ndáil leis an gclár oibre seo. Mar chuid de tháirgí insoláthartha na Roinne faoin straitéis in 2021, chruthaigh an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) sraith tuarascálacha chuireann réamhaisnéis chuimsitheach i láthair in éineacht a chéile don earnáil tógála i bhfianaise HfA agus an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Roinn le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) le linn 2021 chun cur le sainchúram an Lárionaid um Theicneolaíocht Foirgníochta, le go n-áireofar príomhchúram tosaíochta chun nuálaíocht agus táirgiúlacht a spreagadh i dtógáil chónaithe. D'oibrigh an Roinn le NSAI lena chinntiú go dtacófaí le táirgeoirí agus tógálaithe araon chun teicneolaíochtaí nua a ghlacadh trí chigireachtaí ar an láthair agus deimhniú táirgí agus próisis nuálacha a thabhairt isteach ag céim na tógála.

### Rialú Státchabhrach agus an Clár Nuachóirithe d'Athbhreithnithe Beartais Státchabhrach

Tá Creat Dlí Státchabhrach an AE ina shraith rialacha i ndáil le fóirdheontais a rialú atá leagtha amach chun an drochthionchar atá ag fóirdheontais phoiblí ar thrádáil agus iomaíochas a íoslaghdú ach fóirdheontais áirithe a cheadú fós ag an am céanna chun tacú le forbairt gheilleagrach.

Trí bhearta Státchabhrach atá leagtha amach go cuí, agus atá i gcomhréir leis an gcreat dlí, baintear amach an chothromaíocht is fearr i ndáil le tacú le fiontraíocht agus tionscal gan damáiste a dhéanamh do chothrom na Féinne idir iomaitheoirí. Oibríonn an Roinn le hoifigigh ar fud na seirbhíse poiblí ar fad lena chinntiú go gcomhlíontar na Rialacha Státchabhrach.

Bhí an bhliain 2021 ina bliain shuntasach don Chlár Nuachóirithe Státchabhrach (SAM). Tá an Clár SAM ar an athbhreithniú beartais leanúnach den Chreat Státchabhrach. Comhordaíonn an Roinn an seasamh beartais náisiúnta i ndáil leis an raon agus na coinníollacha sonracha a leagtar amach sna rialacha Státchabhrach agus sa bhliain 2021, athbhreithníodh roinnt píosaí de reachtaíocht an AE mar chuid den SAM.

Chomhordaigh an Roinn forbairt an tseasaimh beartais náisiúnta do gach aon cheann de na hathbhreithnithe sin agus chuathas i dteagmháil leis an gCoimisiún agus le Ballstáit lena chinntiú gur cuireadh seasamh na hÉireann in iúl go hiomlán.

## Claochlú agus Nuálaíocht Dhigiteach a Spreagadh

### Straitéis Náisiúnta AI

Le linn 2021 foilsíodh Straitéis Náisiúnta Tras-Rialtais maidir le hIntleacht Shaorga (AI), AI - Here for Good, inar cuireadh treoir ardleibhéil ar fáil maidir le AI a dhearadh, a fhorbairt, a úsáid agus a rialú in Éirinn. Cuirtear creat comhtháite ar fáil chun bainistíocht a dhéanamh ar na deiseanna geilleagracha socheacnamaíocha tairbheacha a d'fhéadfadh bheith i gceist le AI.

Is iad na príomhréimsí a chlúdaítear faoin straitéise na deiseanna agus dúshláin shochaíocha a bhaineann le AI; AI bheith á forbairt agus á húsáid ag fiontraíocht; éiceachóras RD&I; úsáid AI san earnáil phoiblí; fórsa oibre atá ullmhaithe do AI a chinntiú; bonneagar sonraí, digiteach agus nascach; oideachas, scileanna agus tallann AI; mar aon le heitic, caighdeáin, rialachas agus creat rialála.

### An Ciste um Aistriú Digiteach

Chun borradh a chur faoi fhiontair bheith ag glacadh le teicneolaíocht dhigiteach, d'idirbheartaigh an Roinn Ciste um Aistriú Digiteach ilbhliantúil €85 milliún mar chuid de Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann. Faoi Bhuiséad 2022, leithdháileadh €10 milliún chuig an gCiste um Aistriú Digiteach chun cuidiú le cuideachtaí ag gach céim dá n-aistear digiteach.

### An Straitéis Náisiúnta Spáis 2019-2025

Le linn 2021 leagadh béim i gcónaí ar go leor da na príomhghníomhaíochtaí de Straitéis Náisiúnta Spáis an Rialtais 2019-2024 a chur i bhfeidhm, agus tugadh an chéad Tuarascáil ar Dhul chun cinn sa Straitéis Spáis don tréimhse ó mhí Iúil 2019-2021 chun críche i mí na Samhna 2021.

Ón mbliain 2018 i leith, mhéadaigh infheistíocht bhliantúil i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) trí Vóta na Roinn ó €17.8 milliún go €27.3 milliún in 2021.

In 2021, mhéadaigh rannpháirtíocht na hÉireann le ESA i gcónaí agus €19 milliún ar an iomlán á bhronnadh ar thaighdeoirí tionscail atá lonnaithe in Éirinn suas go deireadh na bliana 2021. Áirítear leis sin €3 milliún i gconarthaí a fuair pobal taighde na hÉireann. Chomh maith leis sin, ceadaíodh cúig ghnólacht nuathionscanta do Ghorlann Ghnó ESA na hÉireann (BICanna) in 2021.

### An Ciste Nuálaíochta um Theichneolaíochtaí Bunathraitheacha

Tá an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, (DTIF), ina chiste €500 milliún atá dírithe ar fhiontair agus bunaithe ar dhúshláin, ina spreagtar comhoibriú idir SMEnna, cuideachtaí ilnáisiúnta agus institiúidí taighde in Éirinn. Déanann an Roinn bainistiú ar a chomhairliúchán le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile. Fógraíodh an tríú glao den Chiste i mí Mheán Fómhair 2020 arbh é an toradh a bhí air sin gur bronnadh maoiniú thart ar €95 milliún ar 29 tionscadal in 2021. Chomh maith leis sin, seoladh an ceathrú glao DTIF i mí na Samhna 2021.

### Future Manufacturing Ireland

Maidir leis an bhfís go mbeadh Éire ina príomháit d'ardmhonaraíocht, faoin mbliain 2025, go mbeadh sí ina mol monaraíochta iomaíoch atá faoi stiúir na nuálaíochta a bheidh ar thús cadhnaíochta sa chéad Réabhlóid Thionsclaíoch eile.

Le linn 2021, bhunaigh an Roinn aonad nua, Future Manufacturing Ireland (FMI) chun comhordú a dhéanamh ar na Lárionaid Taighde agus Forbartha barrthábhachtacha a bheidh páirteach maidir le teicneolaíochtaí ardmhonatóireachta a chur chun cinn, a fhorbairt, a ghlacadh agus a úsáid.

### Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann

Sláinte Éireann (HIHI) ina chomhthionscnamh idir an DETE agus an Roinn Sláinte. Tá sé mar aidhm leis comhoibriú a spreagadh idir an tseirbhís sláinte agus an earnáil fiontraíochta chun teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus a thráchtálú.

In 2021, cuireadh tús le Céim 2 HIHI le plean uaillmhianach cúig bliana, a fuair tacaíocht ó €5 milliún breise trí Fhiontraíocht Éireann. Leanfaidh HIHI 2021-2026 i mbun tacaíocht ríthábhachtach a thabhairt do chuideachtaí in Éirinn le réitigh cúraim sláinte nuálach, a bhaineann tairbhe as rochtain foirmiúil ar líonra agus bonneagar an HSE.

### EUREKA

Tríd an Roinn, leanann Éire dá ballraíocht in EUREKA, ina gcuirtear rochtain mhear ar fáil do chomhpháirtithe tionscadail ar scileanna agus saineolas ar fud na hEorpa agus scéimeanna maoinithe náisiúnta poiblí agus príobháideacha. In 2021, b'ionann an maoiniú do rannpháirtíocht Éireannach i dtionscadail EUREKA agus €1.89 milliún agus maoiníodh sé thionscadal EUREKA nua in 2021.

### Tionscadal Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI)

I mí an Mheithimh 2021, chomhaontaigh an Rialtais go nglacadh sé páirt ghníomhach i Slabhraí Luacha Straitéiseacha an AE (SVC) agus i dTionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI).

Tá IPCEI ina dtionscadail mhórscála, iltíre, do nuálaíocht dhomhanda úrscothach chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó córasacha nach bhféadfaí dul i ngleic leo murach sin. Mar gheall ar an gcineál tionscadail atá iontu, is minic a bhíonn rioscaí suntasach i gceist le IPCEI agus teastaíonn comhiarrachtaí dea-chomhordaithe agus infheistíochtaí trasnáisiúnta ó údaráis phoiblí agus tionscail ó roinnt Ballstáit ina leith.

Sheol an Roinn glao ar léirithe spéise inar lorgaíodh moltaí maidir le cuimsiú féideartha in IPCEI maidir le Teicneolaíochtaí Micrileictreonaice agus Cumarsáide i mí an Mheithimh 2021 agus reáchtáladh dara glao i mí Lúnasa 2021. Measadh gur chomhlíon moladh amháin na critéir agus coinníollacha agus chuir Éire tús leis an gcéad bhaisce de réamhfhógra don IPCEI seo i mí na Nollag 2021 agus tá sé le cur i gcrích i mí Feabhra 2022.

Dúnadh glao comhchosúil ar léiriú Spéise don IPCEI maidir le Sláinte an 8 Deireadh Fómhair 2021. Fuair an Roinn 22 moladh ó eagraíochtaí de mhéideanna éagsúla, lena n-airítear cuibhreannais, atá gníomhach i réimsí bithchógaisíochta, MedTech agus réimsí sláinte eile. Ullmhaíodh gearrliosta do na moltaí seo agus déanfar anailís bhreise orthu le linn 2022.

# Sprioc Straitéiseach 2:

Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist níos seasmhaí agus comhionannas inscne san ionad oibre a chur chun cinn.

## Ag freagairt do phaindéim COVID-19

### An Prótacal um Obair go Sábháilte

Mar chuid den bhainistíocht fhoriomlán ar shláinte phoiblí a dhéanann an Rialtas ar an bpaindéim COVID-19, thug an Roinn ceannaireacht i ndáil leis an bPrótacal um Obair go Sábháilte, ina dtacaítear leis an aistriú sábháilte ar ais chuig bheith i láthair san áit oibre. Athbhreithníodh an Prótacal roinnt uaireanta in 2021 mar gheall ar athruithe sa chomhairle sláinte phoiblí ar cheisteanna ar nós aeráil, vacsaíní, tástáil antaigine, agus chun teacht le hathruithe ar chomhairle maidir le bheith i láthair san áit oibre agus earnálacha éagsúla a athoscailt ó am go ham. Rinneadh breis agus 25,600 cigireacht maidir le cloí leis an bPrótacal 2021. Léiríodh leibhéal arda sna cigireachtaí i ndáil le comhlíonadh riachtanais an phrótacal idir 90%~ 95%. Chomh maith leis sin, thaifid láithreán gréasáin na Roinne beagnach 125,000 amharc ar an bPrótacal um Obair go Sábháilte le linn na bliana 2021.

### An Beartas maidir le hIomarcaíocht agus Dócmhainneacht

12A den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967, ina gcuirtear ar fionraí teidlíocht fostaí chun iomarcaíocht a lorg de bharr leagan as nó gearr-am, i bhfeidhm go dtí an 30 Meán Fómhair 2021. Chuidigh an beart seo le caidreamh fostóir-fostaí a choinneáil agus gnólachtaí agus poist a chosaint trí na tréimhsí ba dhúshlánaí den phaindéim. Tá an beart as feidhm faoi láthair.

## Cearta Oibrithe

**Chuir an Roinn obair chun cinn ar líon cearta fostaíochta nua, is iad sin:**

- Pá Breoiteachta Reachtúil;
- An Ceart chun Cianobair a Iarraidh;
- Cosaint níos fearr d'aiscí san áit oibre;
- Saoire phoiblí nua;
- Íocaíocht speisialta suas le €1,800 d'fhostaithe a cuireadh ar iomarcaíocht a chaill seirbhís ináirithe le linn PUP nó íocaíocht cuardaitheora poist eile a fháil le linn na paindéime.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí maidir le Treoir 2019/1152 AE maidir le Dálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha 2021.

Chomh maith leis sin, i ndiaidh rannpháirtíocht fhairsing leis na comhpháirtithe sóisialta, foilsíodh 'Plan for Action on Collective Redundancies following Insolvency' ar an 9 Meitheamh 2021. Leagann sé seo roinnt gealltanais amach chun tuilleadh cosanta a thabhairt d'oibrithe sna cúinsí seo, lena n-áirítear:

- Réimse leasuithe i ndáil leis an dlí cuideachta agus an dlí fostaíochta;
- Grúpa Athbhreithnithe maidir leis an Dlí Fostaíochta a chur ar bun ar bhonn reachtúil;
- Treoirdhoiciméad inrochtana a chur ar fáil chun cuidiú le hoibrithe agus a gcuid ionadaithe a mbealach a dhéanamh tríd an gcreat dlí reatha.

Foilsíodh an Lámhleabhar Faisnéise – Cearta agus Leigheasanna atá ar Fáil d'Fhostaithe atá ag Tabhairt Aghaidh ar Chás Iomarcaíochta Comhchoiteann i mí na Nollag 2021. Cuireadh roinnt leasuithe i ndáil leis an dlí cuideachta chun cinn in Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) Act 2021, ar cuireadh tús leis ar an 07 Nollaig 2021.

### Cianobair a Chumasú – An Straitéis Náisiúnta um Chianobair

I mí Eanáir 2021, sheol an Roinn Cianobair a Chumasú i bhFeidhm – An Straitéis Náisiúnta um Chianobair. Is é fís na Straitéise go mbeadh cianobair ina gné bhuan den áit oibre in Éirinn ar bhealach ina n-uasmhéadaítear tairbhí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil. Leagtar amach 15 gníomh atá le cur i gcrích chun cianobair a chur chun cinn in Éirinn. I rith na bliana, rinneadh dul chun cinn suntasach chun an Straitéis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Cód Cleachtais maidir leis an gCeart chun Díscor, reachtaíocht a chur chun cinn maidir leis an gCeart chun Cianobair a Iarraidh agus Líonra Náisiúnta Mol a fhorbairt.

### An Coimisiún um Pá Íseal

Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil don Choimisiún um Pá Íseal. Is é príomhfheidhm an Choimisiúin moltaí a thabhairt don Aire maidir leis an leibhéal cuí den íosphá náisiúnta agus ceisteanna gaolmhara.

Le linn 2021, iarradh ar an gCoimisiún um Pá Íseal iniúchadh a dhéanamh ar dhá ghealltanas de Chlár an Rialtais: dul chun cinn i dtreo pá maireachtála agus iniúchadh a dhéanamh ar Bhunioncam Uilíoch. Coimisiúnaíodh taighde tacaíochta maidir leis an dá cheist le linn 2021.

### Orduithe Fostaíochta Earnála (Seo) agus Comhchoistí Oibreachais

Chomhchoiste Oibreachais (JLCanna) gníomhacha sna hearnálacha maidir le Glanadh ar Conradh, Gruagaireacht agus Slándáil. Bunaíodh an JLC is déanaí 2021 ar bhonn Moladh na Cúirte agus baineann sé leis an earnáil Luathbhlianta/ Cúram Leanaí.

## Caidreamh Tionsclaíoch

### An Chúirt Oibreachais

Le linn 2021, fuair an Chúirt Oibreachais 578 achomharc agus tarchur, arbh ionann é agus laghdú 38.5% ar líon na dtarchur  (940) a fuarthas in 2020, a d'fhéadfadh bheith i gceist mar gheall ar COVID-19. In ainneoin éifeacht na srianta ar éisteachtaí fisiciúla, sceidealaigh an Chúirt 1,266 éisteacht in 2021, lenar áiríodh éisteachtaí maidir le hachomhairc a fuarthas i mblianta roimhe seo mar aon le héisteachtaí a athsceidealaíodh i ndiaidh chuir siar/ chuir ar athrá na chéad éisteachta agus cásanna a socraíodh
nó a tarraingíodh siar roimh an éisteacht sceidealaithe. Cuirtear é seo i gcomparáid le 1,065 éisteacht sceidealaithe 2020.
Bhí 69% de na héisteachtaí ar fad ina n-éisteachtaí fíorúla in 2021.

In 2021, d'eisigh an Chúirt 429 moladh/ socrú/cinneadh. Chomh maith leis sin, imscrúdaíodh 57 cás a socraíodh roimh éisteacht nó le linn éisteachta. Tarraingíodh 222 achomharc san iomlán i ndiaidh dáta éisteachta a thabhairt do na páirtithe. Rinneadh 339 iarratas chun éisteachtaí sceidealaithe a chur ar atráth le linn 2021, ar bhain go leor díobh le COVID-19.

### An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC)

In 2021 dhéileáil Aonad Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí an WRC le 55,810 glao agus 6,815 ríomhphost inar lorgaíodh faisnéise maidir le cearta fostaíochta, comhionannas, caidreamh tionsclaíoch agus ceadanna fostaíochta. Chomh maith leis sin, bhí breise agus 3.39 milliún amharc ar láithreán gréasáin an WRC www.workplacerelations.ie. Cuireadh seirbhísí comhréitigh agus idirghabhála an WRC ar fáil ó chian go príomha ar réimse éagsúil ardán, ach i bpearsa freisin de réir mar ar fhéidir mar gheall ar chúinsí. Rinne an tseirbhís Comhréitigh cathaoirleacht ar 996 comhdháil chomhréitigh agus 383 éascú i ndáil le díospóidí comhchoiteanna le linn 2021. D'fhorbair an tseirbhís Comhairleachta Cód Cleachtais maidir leis an gCeart chun Díscor a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2021.

Thug an tseirbhís Chigireachta faoi 4,432 chigireacht san iomlán ar an áit oibre ina bhfuarthas €0.964 milliún i bpá neamhíoctha ar ais mar thoradh orthu le linn 2021. Mar chuid den Phrótacal Náisiúnta um Fhilleadh ar an Obair do Sábháilte (RWSP) chuir Cigirí WRC 3,433 cigireacht i gcrích a bhain le seiceálacha i ndáil leis an RWSP agus an dlí fostaíochta a chomhlíonadh, ina bhfuarthas amach gur chomhlíon 89% d'fhostóirí a ndearnadh cigireacht orthu an RWSP.

Fuair seirbhís Bhreithnithe an WRC 12,014 gearán sainiúil in 2021, chuimsigh pá, iomarcaíocht, dífhostú éagórach, agus uaireanta oibre trí cheathrú de na cásanna a fuarthas. Thionóil an tSeirbhís Breithnithe 3,320 éisteacht in 2021, idir chinn fhíorúla agus chinn ar an láthair, agus eisíodh tuairim is 1,400 gcinneadh.

In 2021 freisin, rialaigh an Chúirt Uachtarach sa chás maidir le Tomasz Zalewski v Oifigeach Breithniúcháin, WRC, Éire agus tArd-Aighne 2020. Bhain sé seo le hagóid i gcoinne bhunreachtúlacht an phróisis bhreithnithe a bunaíodh faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015. Chinn an Chúirt go meastar Oifigigh Bhreithniúcháin agus comhaltaí na Cúirte Oibreachais bheith ag riaradh ceartais nuair a chuireann siad a bhfeidhm um chearta fostaíochta i bhfeidhm laistigh den chiall in Airteagal 34 agus 37 den Bhunreacht. Mar thoradh ar an gcinneadh seo, beidh leasuithe nós imeachta iarmhartacha ag teastáil sa dlí chun cur ar chumas an WRC leanúint dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh i gcomhréir leis an mBunreacht. Áirítear leo sin éisteachtaí poiblí agus mionnaí a riar.

### An Grúpa Ardleibhéil maidir le Cómhargáil

Bhunaigh an tAire Grúpa Ardleibhéil maidir le Cómhargáil faoi choimirce an Fhóraim Eacnamaíocht Fostóra is Lucht Saothair (LEEF) i mí an Mhárta 2021. Áirítear le comhaltas an Ghrúpa ionadaithe sinsearacha ó thaobhanna ceardchumann agus fostóirí.

Scrúdóidh an Grúpa saincheisteanna ar nós ceardchumainn a aithint agus an impleacht atá aige sin ar an bpróiseas cómhargála, leordhóthanacht an chreata um chaidreamh san áit oibre ina dtacaítear le pá agus coinníollacha fostaíochta a threorú agus a chinneadh, ag féachaint do na coinníollacha dlí, geilleagracha agus sóisialta ina bhfeidhmíonn sé. Chomh maith leis sin, déanfaidh siad breithniú ar na bacann dlí agus bunreachta a d'fhéadfadh bheith i gceist maidir leis na córais reatha a athchóiriú, agus moltaí a thabhairt i leith athchóiriú nuair is cuí.

Táthar ag súil go gcuirfear tuarascáil dheiridh faoi bhráid an Rialtais lena breithniú le linn 2022.

### An Timpeallacht maidir le Caidreamh Tionsclaíoch

laghdú géar i ngníomhaíocht maidir le díospóid thionsclaíoch sa gheilleagar i rith 2021. Cailleadh thart ar 3,055 lá mar thoradh ar ghníomhaíocht stailce in 2021 i gcomparáid le 21,704 in 2020 agus 37,000 in 2019.

## Cothromaíocht Inscne

### Cothromaíocht do Ghnó Níos Fearr

Seoladh Cothromaíocht do Ghnó Níos Fearr in 2018 chun cothromaíocht inscne níos fearr a fheabhsú i gceannaireacht shinsearach in Éirinn. Sheol an Tánaiste an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil den Grúpa Athbhreithnithe um Chothromaíocht do Ghnó Níos Fearr i mí na Nollag 2021. I mí Iúil 2021, d'éirigh comhchathaoirligh Brid Horan agus Gary Kennedy as a róil. Ceapadh Julie Sinnamon agus Aongus Hegarty ar na comhchathoirligh nua ina n-ionad.

### Fiontraíocht Éireann

In 2021, sheol Fiontraíocht Éireann an Tionscadal Cothrom, ar tionscnamh nua atá ann maidir le cothromaíocht inscne chun líon na mban i bpoist cheannaireachta agus bhainistíochta sinsearaí in SMEnna in Éirinn a mhéadú. Áirítear leis an tionscnamh Foireann Uirlisí nua ar líne i leith Pleanáil Gníomhaíochta do chuideachtaí atá ag iarraidh céimeanna a ghlacadh chun an chothromaíocht inscne ina bhfórsa oibre a fheabhsú, agus ina bhFoirne Ceannaireachta Sinsearacha go háirithe.

## Caighdeáin & Sábháilteacht

### An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Leithdháileadh €4.2 milliún breise ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta in 2021, ar leithdháileadh cuid de chun Rannán Sláinte Cheirde nua a bhunú. Is ionann an infheistíocht seo agus infheistíocht níos fadtréimhsí ón Stát chun sláinte oibrithe a fheabhsú, breoiteachtaí agus gortuithe san áit oibre a laghdú, agus costais leasa shóisialaigh agus costais don Stát a laghdú. Is infheistíocht atá ann freisin chun táirgiúlacht agus iomaíochas ghnó na hÉireann a fheabhsú.

D'fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta Cód Cleachtais maidir le Gníomhaithe Ceimiceacha agus Carcainiginí 2021 freisin, ar trí sin, i gcomhar le I.R. Uimh. 231 de 2021 (Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (Leasú), 2021) atrasuíodh Treoir 2019/1831 (AE) ina bhféachtar le hoibrithe a chosaint ar theagmháil a dhéanamh le ceimiceáin dhochracha san áit oibre.

In 2021, chomhordaigh an Roinn freagra na hÉireann i leith Straitéis Cheimiceán an AE i leith Inbhuanaitheacht: I dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí, ar tionscadal uaillmhianach atá ann chun tionscal Ceimiceán an AE a athchóiriú, lena n-áirítear athbhreithnithe de reachtaíocht mhór um Cheimiceáin an AE REACH agus CLP. Beidh éifeachtaí tras-rialtais ag an Straitéise seo agus d'fhéadfadh athruithe suntasacha ar reachtaíocht na hÉireann bheith ag teastáil ina leith.

In 2021, lean an Roinn dá clár oibre maidir leis na rialacháin um peitriliam a stóráil agus an earnáil mhiondíola a nuachóiriú. Áiríodh leis sin moltaí chun córas rialála nua a chur i bhfeidhm chun cuidiú leis an earnáil na caighdeáin is airde sláinte, sábháilteachta agus chomhshaoil a choinneáil.

### An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

Tá an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ag croílár bhonneagar trádála na hÉireann agus cinntíonn sé go bhfuil teacht ag pobal gnó na hÉireann ar chaighdeánú, deimhniú agus seirbhísí méadreolaíochta.

In 2021, leagadh an bhéim ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí a riachtanais deimhnithe agus caighdeánaithe a chomhlíonadh mar ullmhú le haghaidh atosú agus tógáil i ndiaidh COVID-19 agus an Bhreatimeachta. D'fhoilsigh NSAI 1,336 caighdeán le linn 2021 ar trí sin a tugadh líon iomlán na gcaighdeán i gcatalóg NSAI go dtí breis agus 24,000. Tháinig úsáideoirí in Éirinn ar níos mó ná 209,986 caighdeán agus mhéadaigh líon na ndaoine a bhain úsáid as tairseach an Údaráis 'Your Standards, Your Say' le 271.

### Sábháilteacht Feirme

Tá Prótacal idir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i ndáil le Sábháilteacht Feirme i bhfeidhm chun cuidiú leis na páirtithe ar fad oibriú le chéile chun an ráta taismí marfacha agus tromchúiseacha a laghdú agus sláinte agus folláine san earnáil talmhaíochta a fheabhsú agus a bhfreagrachtaí reachtaíochta faoi seach a choinneáil ag an am céanna. Cuspóir foriomlán an Phrótacail seo is ea a chinntiú gur féidir leis an dá Roinn agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta feabhsuithe réadúla a chur chun cinn i ndáil le sláinte, sábháilteacht agus folláine feirme ar an talamh trí chur chuige tras-Rialtais agus faisnéis a chomhroinnt.

I mí na Samhna 2021, thug an Roinn Rialacháin isteach ina gcuirfear d'oibleagáid ar gach úsáideoir feithiclí ilraoin (ATVanna)/Cuadrothair tabhairt faoi oiliúint éigeantach, agus trealamh cosanta pearsanta (PPE) a chaitheamh, agus feithiclí dá leithéid á n-úsáid chun críocha oibre.

## Conarthaí Foirgníochta a Bhreithniú

I ndiaidh próiseas iomaíoch, cheap an tAire English Cathaoirleach nua den Phainéal Breithneoirí, an tUasal Bernard Gogarty, agus Painéal nua Breithneoirí. Le linn 2021 rinneadh 53 iarratas chuig Cathaoirleach an Phainéal um Chonarthaí Foirgníochta a Bhreithniú, maidir le Breithneoir a cheapadh faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

# Sprioc Straitéiseach 3:

Ár dtimpeallacht rialála gnó agus tarraingteacht na hÉireann a fheabhsú mar áit chun gnó a dhéanamh.

## Ag freagairt do phaindéim COVID-19

Le linn 2021, ghníomhaigh an Roinn i leith an dúshláin nach bhfacthas riamh cheana i ndáil leis an bpaindéim COVID-19 leis an aidhm chun éifeachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha ar ghnólachtaí a laghdú.

### Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí), 2021

Síníodh an Próiseas Riaracháin um Chuideachtaí Beaga a Tharrtháil (SCARP) ina dhlí an 22 Iúil 2021, agus cuirtear próiseas athstruchtúraithe simplithe nua ar fáil do chuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí inmharthana. Tá SCARP ina léiriú ar na príomhghnéithe a bhaineann le scrúdaitheoireacht i gcomhthéacs riaracháin, ar trí sin a laghdaítear maoirseacht chúirte, agus ar mar thoradh air sin atá éifeachtúlachtaí agus costais inchomparáide níos lú i gceist. Cuireadh tús leis an Acht an 7 Nollaig 2021.

### Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19) 2020

Tríd an reachtaíocht, a síníodh ina dlí an 1 Lúnasa 2020, déantar leasuithe sealadacha ar Acht na gCuideachtaí 2014 agus ar an Industrial and Provident Societies Act 1893, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna mar thoradh ar COVID-19. Cinntítear gur féidir le 240,000 cuideachta agus 950 cumann tionscail agus soláthair a gCruinnithe Cinn Bliana agus cruinnithe ginearálta a thionól trí mhodhanna leictreonacha. Chomh maith leis sin, déantar foráil i ndáil le sócmhainneacht ghnó tríd an tréimhse scrúdaitheoireachta a mhéadú go 150 lá agus an tairseach ag a meastar nach féidir le cuideachta a fiacha a íoc a mhéadú go €50,000. Bhí na leasuithe i bhfeidhm ar feadh tréimhse eatramhach, go dtí an 30 Nollaig 2020 ar dtús 2020. Le linn 2021 cuireadh síneadh leo sin trí huaire trí Orduithe Rialtais agus tríd an tríú síneadh, tugadh na bearta suas go dtí an 30 Aibreán 2022.

## Reachtaíocht

### Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2021

Shínigh an tUachtarán Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021 an 22 Nollaig 2021. Tríd an Acht seo, bunaítear Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) mar ghníomhaireacht reachtúil agus neamhspleách dar teideal an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (CEA). Beidh níos mó neamhspleáchais agus acmhainní ag an CEA chun éagóir amhrasta a iniúchadh agus chun dul i ndiaidh sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí.

Le linn ullmhúcháin chun an CEA a bhunú, fuarthas méadú buiséid €1.69 milliún, arbh ionann é agus méadú buiséid 53% don ODCE mar ullmhúchán chun an tÚdarás nua a bhunú. Chomh mhaith leis sin, beidh an líon fostaithe atá beartaithe don Údarás 50% os cionn leibhéil roimhe seo agus áirítear leis sin méadú ar bhaill foirne sa státseirbhís agus in An Garda Síochána. Leanadh den dul chun cinn i rith 2021 lena chinntiú go bhfuil na socruithe oibriúcháin i bhfeidhm.

### An tAcht um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt) 2021

Síníodh an tAcht um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt) 2021 Rialacháin (Ionaid agus Imeachtaí a Ainmniú) 2021 ina dhlí i mí Iúil 2021. Cuspóir an Achta is ea cosc a chur ar thicéid a dhíol nó fógraíocht a dhéanamh faoi thicéid nó pacáistí ticéad a dhíol os cionn a bpraghas díolacháin bhunaidh d'imeachtaí in ionaid ainmnithe ina bhfuil toilleadh do 1,000 duine nó níos mó nó d'imeachtaí ainmnithe.

### An Bille um Chearta do Thomhaltóirí

Cheadaigh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille um Chearta do Thomhaltóirí i gcomhair dréachtú an 20 Aibreán 2021. Tríd an mBille, déanfar reachtaíocht cosanta reatha do thomhaltóirí a athchóiriú, a nuachóiriú agus a dhaingniú trí fhorálacha reatha a thabhairt le chéile in aon achtachán amháin, agus trí bhearta cosanta nua agus feabhsuithe do thomhaltóirí a thabhairt isteach ag an am céanna freisin.

## Rialacháin an AE um Threoracha

### An tAcht um Mhargaí Digiteacha (DMA)

(DMA) an AE i mí na Nollag 2020. Tríd an Acht, déanfar rialú ar chleachtais áirithe a úsáideann ardáin mhóra ar líne d'fhonn leibhéal iomaíochta níos airde a chinntiú ar mhargaí digiteacha na hEorpa. Thug an Roinn faoi comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara maidir leis a togra i rith 2021 agus rinneadh ionadaíocht ar sheasamh na hÉireann ag meithleacha AE i rith an phróisis chun an Cur Chuige Ginearálta deiridh a fhorbairt ar ghlac an Chomhairle Iomaíochais leis i dtreo dheireadh na bliana 2021.

### An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a cuid moltaí i ndáil le hAcht um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) an 15 Nollaig 2020 agus bhí idirbheartaíochtaí ag Meitheal na Comhairle ar siúl ar feadh na bliana 2021.Déanann an togra forbairt ar an Treoir um Ríomhthráchtáil 2000/31 CE agus tá sé leagtha amach chun timpeallacht ar líne níos sábháilte a chothú. Ghníomhaigh an Roinn go fairsing le páirtithe leasmhara i rith 2021 agus rinneadh ionadaíocht ar sheasamh na hÉireann ag meithleacha AE i rith an phróisis chun an Cur Chuige Ginearálta deiridh a fhorbairt ar ghlac an Chomhairle Iomaíochais leis i dtreo dheireadh na bliana 2021.

### An Treoir um Chóipcheart agus Digitiú a Thrasuí

Trasuíodh Treoir an AE um Chóipcheart agus an Margadh Aonair Digiteach trí bhíthin rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach) 2021 (I.R. Uimh. 567 de 2021). Trí na Rialacháin seo, déantar leasú breise ar an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (arna leasú) agus shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta sa dlí náisiúnta iad an 12 Samhain 2021.

Trí na Rialacháin seo, neartaítear na cearta agus cosaintí a thugtar do chatagóirí éagsúla de shealbhóirí cirt chun léiriú a thabhairt ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus digitiú méadaithe. Chomh maith leis sin, déanann siad foráil ar theacht agus úsáid níos forleithne i ndáil le saothair atá faoi chosaint chóipchirt le go bhféadfadh na hearnálacha cruthaitheacha, foilsitheoirí preasa, taighdeoirí, oideachasóirí, eagraíochtaí oidhreachta cultúir agus saoránaigh tairbhe a bhaint astu.

### Treoir maidir le hUirlisí agus Próisis Dhigiteacha a Úsáid i nDlí na gCuideachtaí

Chinntigh an Roinn gur cuireadh forálacha na Treorach (AE) 2019/1151 maidir le huirlisí agus próisis dhigiteacha a úsáid i nDlí na gCuideachtaí i bhfeidhm faoin sprioc-am an 1 Lúnasa 2021. Cuspóir na Treorach ab ea réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm le go mbeadh teacht ar chláir ghnó ag cuideachtaí atá ag clárú agus ag cur faisnéis ar fáil, mar aon le rochtain ar an bhfaisnéis seo a chur ar fáil do thríú páirtithe.

### An Treoir ECN+ a Thrasuí tríd an mBille Iomaíochta (Leasú)

Tionóladh comhairliúchán poiblí maidir le Treoir AE 1/2019, an Treoir ECN+ a thrasuí i mí Eanáir 2021.
Is é an aidhm atá leis an Treoir údaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le huirlisí cinnteoireachta níos éifeachtaí agus fíneálacha díspreagtha chun dlíthe iomaíochta an AE a fhorfheidhmiú go neamhspleách, ar trí sin a chinntítear go bhfeidhmíonn an margadh inmheánach mar is cuí. Dréachtaíodh an ceadú seo a leanas a thug an Rialtas don Scéim Ginearálta, an Bille Iomaíochta (Leasú) le linn 2021 agus achtaíodh é i mí an Mheithimh.

### An Treoir Shoghluaiseachta Maidir le hAthruithe, Cumaisc agus Rannáin Trasteorann

Glacadh an Treoir (AE) 2019/2121 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le hathruithe, cumaisc agus rannáin trasteorann an 27 Samhain 2019. Tá sé mar aidhm leis an Treoir éascaíocht a dhéanamh ar shoghluaisteacht cuideachtaí laistigh den AE trí rialacha comhoiriúnaithe, cinnteacht dlí agus nósanna imeachta comhchoiteanna a chur ar fáil i ndáil le measúnú a dhéanamh ar oibríochtaí trasteorann le linn cosaintí cuí a chur ar fáil do shaoránaigh, ar nós: fostaithe, creidiúnaithe, agus scairshealbhóirí mionlaigh.
Chuir an Roinn Dréachtrialacháin isteach chuig Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte lena shocrú i mí na Nollag 2021 agus tá siad le trasuí faoin 31 Eanáir 2023.

### Treoir maidir le Creata Athstruchtúraithe Coisctheacha, Dócmhainneacht agus Urscaoileadh Fiachais

Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a glacadh i mí an Mheithimh 2019, féachtar le gnéithe de dhlíthe náisiúnta maidir le dócmhainneacht a chomhoiriúnú do chuideachtaí agus daoine aonair araon. Tá sí dírithe ar chreat athstruchtúraithe 'coisctheach', dara seans/tús úr do 'fiontraithe' agus ar éifeachtúlacht athstruchtúrú agus dócmhainneacht a fheabhsú.

Lean an Roinn Dlí agus Cirt, ar a bhfuil freagracht as gnéithe den Treoir a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta a thrasuí, agus an Roinn seo, d'ullmhú don Treoir seo a thrasuí faoin 17 Iúil 2022.

### Treoir an AE maidir le Caingne Ionadaíocha a Thrasuí

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí maidir le cur i bhfeidhm Thrasuí na Treorach AE maidir le Caingne Ionadacha 2021 agus tugadh tuairimí na bpáirtithe leasmhara faoi deara. Tríd an Treoir seo, cuirfear uirlisí ar fáil chun stop a chur le cleachtais mhídhleathacha agus éascaíocht a dhéanamh ar leigheas do thomhaltóirí i gcás ina bhfuil líon díobh ina n-íospartach den sárú céanna ar a gcearta, i gcás ina ndéantar dochar do líon mór daoine.
Níl aon chóras dá leithéid in Éirinn faoi láthair. Ullmhaíodh an chéad dréacht de Scéim Ghinearálta de Bhille chun an Treoir a thrasuí sula dtabharfar faoi iniúchadh dlíthiúil.

### Treoir maidir le Faisnéis Chánach a Thuairisciú go Poiblí de réir Tíre

Glacadh an Treoir (AE) 2021/2101 lena leasaítear an Treoir (EU) 2013/34 maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim bheith á nochtadh ag fiontair agus craobhacha áirithe an 24 Samhain 2021 agus sheol an Roinn comhairliúchán poiblí maidir le Ballstát an mhí ina dhiaidh sin.

Faoin Treoir, éilítear ar eintitis ilnáisiúnta (bíodh a gceanncheathrú lonnaithe san AE nó lasmuigh de) agus eintitis aonair ag a bhfuil ioncam comhdhlúite níos mó ná €750 milliún do gach aon cheann den dá bhliain airgeadais seo caite i ndiaidh a chéile, faisnéis áirithe a nochtadh go poiblí (lena n-áirítear mionsonraí maidir le hioncaim, an líon fostaithe agus an méid cánach a íocadh).
Tá trasuí le cur i gcrích faoin 22 Meitheamh 2023. Sheol an Roinn comhairliúchán poiblí maidir le roghanna do Bhallstáit an 20 Nollaig 2021.

### Treoir maidir le hÚdaráis Iomaíochais na mBallstát a Chumhachtú le bheith ina bhFeidhmitheoirí Níos Éifeachtaí agus maidir le Feidhmiú Cuí an Mhargaidh Inmheánaigh a Chinntiú

Cuireadh moill ar Éirinn an Treoir ECN+ a thrasuí mar gheall ar an méid reachtaíochta a bhain leis an bpaindéim san Oireachtas agus mar gheall go raibh sé riachtanach breithiúnas Zalewski a athdhréachtú.

Foilsíodh an scéim ghinearálta chun an Treoir a thrasuí in 2021 agus achtaíodh í i mí an Mheithimh 2022. Chomhlíon sé seo an gealltanas i gClár an Rialtais chun cur ar chumas an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus ComReg úsáid níos mó a bhaint as pionóis riaracháin chun pionós a ghearradh ar oibritheoirí cama agus is gníomh é sa Phlean Gníomhaíochta maidir le hÁrachas a Athchóiriú. Tríd an mBille, láidreofar cumhachtaí an Stáit i ndáil le dul i ngleic le coireacht an bhóna bháin, coireacht gheilleagrach agus éilliú.

## Árachas a Athchóiriú

### An Plean Gníomhaíochta maidir le hÁrachas a Athchóiriú

Sa Phlean Gníomhaíochta maidir le hÁrachas a Athchóiriú, leagtar amach 66 gníomh chun costais a laghdú do chustaiméirí agus gnólachtaí; tuilleadh iomaíochta a thabhairt isteach sa mhargadh; calaois a chosc agus an t-ualach ar ghnó, eagraíochtaí pobail agus deonacha a laghdú.

D'fhoilsigh an Rialtas an chéad tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta in 2021, inar léiríodh gur cuireadh 50% de na gníomhartha i bhfeidhm sa chéad sé mhí den phlean, lena n-áirítear éifeacht a thabhairt do na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta.

### An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

I gClár an Rialtais, tugtar gealltanas i leith ról an PIAB a fheabhsú agus a athchóiriú, leis an aidhm uileghabhálach go réiteofaí níos mó cásanna tríd an gcóras PIAB. Le linn 2021 leanadh den obair idir an Roinn agus an PIAB chun iniúchadh a dhéanamh ar roghanna maidir leis an ngníomhaireacht a neartú.

I mí an Mhárta 2021, sheol an tAire Troy comhairliúchán poiblí i ndáil leis sin agus fuarthas 240 aighneacht ó réimse leathan páirtithe leasmhara, go háirithe SMEnna. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, cuireadh bonn eolais faoi Scéim Ghinearálta a fhorbairt chun an PIAB a fheabhsú agus a athchóiriú.

## Tacaíocht Rúnaíochta

### Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí

Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí (CLRG) ina ghrúpa comhairleach saineolaíoch a leagtar de chúram air comhairle a thabhairt don Aire maidir le ceisteanna i ndáil leis an dlí cuideachtaí. Feidhmíonn sé ó chlár oibre dhá bhliain, a chinneann an tAire, agus is é an Roinn a chuireann an rúnaíocht ar fáil. Chríochnaigh an Grúpa breithniú a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le cearta creidiúnaithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014, i gcomhthéacs leachtuithe mar aon le saincheisteanna a bhaineann le hidirbhearta a sheachaint agus chuir na tuarascálacha seo a leanas isteach le linn 2021:

- Tuarascáil maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha reachtacha reatha i ndáil le faisnéis a chur ar fáil do chreidiúnaithe i gcoitinne agus d'fhostaithe go háirithe (Márta 2021).
- Tuarascáil maidir leis na hiarmhairtí atá i gceist le leachtaithe agus próisis athstruchtúraithe áirithe, lena n-áirítear oibríochtaí corparáideacha a scaradh ó eintitis atá i seilbh sócmhainní i struchtúir ghrúpa. (Nollaig 2021).

Áiríodh moltaí ó mhí an Mhárta 2021 sa Plean Gnímh maidir le hIomarcaíochtaí Coiteanna i ndiaidh Dócmhainneacht agus cuireadh iad chun cinn ina dhiaidh sin in Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí), 2021.

Chomh maith leis sin, tugtar sainordú don CLRG iniúchadh a dhéanamh agus moltaí a thabhairt maidir le cibé atá sé riachtanach nó inmhianaithe dlí na gcuideachtaí a leasú i gcomhréir le cásdlí úrnua agus aighneachtaí a fuarthas maidir le hAcht na gCuideachtaí 2014. I mí na Nollag 2021 chuir sé a Thuarascáil isteach maidir le saincheisteanna i ndáil le dlí na gcuideachtaí faoi Threoir (AE) 2017/828
an 17 Bealtaine 2017 (SRD II), Rialacháin um Thaisclanna Lárnacha Úrnua (AE) 909/2014 (CSDR) agus Acht na gCuideachtaí 2014.

### An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta

Tuairiscíonn an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta (NCPC) don Taoiseach agus don Rialtas, tríd an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, maidir le saincheisteanna barrthábhachtacha i ndáil le hiomaíochas atá roimh gheilleagar na hÉireann agus tugann an Chomhairle moltaí maidir le gníomhaíochtaí beartais atá ag teastáil chun cur le staid iomaíochais na hÉireann. Is é an Roinn a thugann faoi thaighde, anailís agus an ról rúnaíochta don NCPC, a thugann ardtosaíocht lena chinntiú go n-aithnítear saincheisteanna barrthábhachtacha maidir le hiomaíochas agus go dtugtar tús áite dóibh chun gníomhú ina leith ar fud an chórais rialtais. Faoi láthair, tá Éire rangaithe sa 13ú háit de réir thuarascáil um Rangú Iomaíochais Domhanda 2021 na hInstitiúide um Fhorbairt Bainisteoireachta.

### An tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil don tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN). I ndeireadh na bliana 2020, chuir an EGFSN tús le staidéar maidir leis a gcineál agus méid scileanna atá ag teastáil chun roinnt de na príomhbhearta cumasaithe i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais a chomhlíonadh, d'fhonn astaíochtaí carbóin a laghdú go suntasach faoin mbliain 2030, agus ar deireadh thiar, Éire a threorú i dtreo bheith ina geilleagar atá neodrach ó thaobh charbóin de sna blianta atá amach romhainn. D'fhoilsigh an EGFSN an tuarascáil a bhí mar thoradh air sin, Scileanna le haghaidh Neodracht Charbóin – an tÉileamh atá ar Fuinneamh In-athnuaite, Iarfheistiú Cónaithe agus Scileanna chun Feidhm a Bhaint as Feithiclí Leictreacha i dtreo 2030, i mí na Samhna 2021. Tá sraith de 30 moladh ann maidir le cur leis an soláthar scileanna sna gníomhaíochtaí barrthábhachtacha seo ó thaobh neodracht charbóin de.

Chomh maith le staidéir nua ar cuireadh tús leo nó a cuireadh i gcrích in 2021, dhírigh an EGFSN ar mholtaí ó staidéir eile a cuireadh i gcrích le déanaí a chur i bhfeidhm. In 2021, áiríodh leis sin na réimsí maidir le Scileanna Deartha, Scileanna Forbartha Bainisteoireachta agus Scileanna Lóistíochta agus Slabhra Soláthair.

# Sprioc Straitéiseach 4:

Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a láidriú agus amhéadú ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe ina dtacaítear le hardchaighdeáin saothair agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh.

## An Breatimeacht

**Mar gheall gur tháinig an Comhaontú maidir le Trádáil agus Comhoibriú idir an AE agus an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021, athraíodh an caidreamh trádála idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe go bunúsach de bharr an Bhreatimeachta. Sna míonna ag tús 2021, cuireadh isteach ar ghnóthlachtaí de bharr seiceálacha nua custaim a chur i bhfeidhm, agus sláintíochta agus fíteashláintíochta a chur i bhfeidhm, a raibh tionchar acu ar earraí a thrádáil idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór. Bhí dúshláin tosaigh ag baint le rialacha tionscnaimh i dtaca le táirgí nár cáilíodh faoi théarmaí an Chomhaontaithe maidir le Trádáil agus Comhoibriú agus mar sin féin teipeadh air stádas saor ó tháillí faoin gComhaontú a fháil.**

Thacaigh an Roinn agus a gníomhaireachtaí fiontraíochta le gnólachtaí le linn an phróisis ar fad i ndiaidh an Bhreatimeachta, ar chuir sí tacaíochtaí airgeadais ar fáil chomh maith le comhairle, mar a leagtar amach ar www.gov.ie/brexit.

Chuaigh gnólachtaí i dtaithí ar chúrsaí nua trádála leis an Ríocht Aontaithe go tapa trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh: slabhraí soláthair malartacha a aimsiú; leas a bhaint as bealaí malartacha ar an margadh trí bhealaí nua iompair chuig an Mór-roinn; agus ag bogadh ar shiúl ó bhealaí traidisiúnta droichid talún na Ríochta Aontaithe. Moladh do ghnólachtaí eile dul in oiriúint agus margaí nua agus malartacha dá dtáirgí a lorg.

Ina theannta sin, b'fhorbairt shuntasach in 2021 é bunú NSAI Certification UK Ltd mar bhealach chun rochtain ar dheimhniúchán UKCA (Deimhniúchán ar a ndearnadh Measúnú ar Chomhréireacht sa Ríocht Aontaithe) a chur ar fáil do ghnólachtaí na hÉireann, ar dtús do tháirgí Tógála agus Feistí Leighis. Rinne NSAI Certification UK Ltd iarratas ar dheimhniúchán sa Ríocht Aontaithe chun marcáil UKCA a chur ar fáil do mhonaróirí táirge tógála na hÉireann. Beidh sé seo ina cheanglas reachtúil chun rochtain a fháil ar mhargadh na Ríochta Aontaithe ón 1 Eanáir 2023.

## Trádáil agus Infheistíocht

### An Chomhairle Trádála agus Infheistíochta

I mí na Bealtaine 2021, bhunaigh an Tánaiste an Chomhairle Trádála agus Infheistíochta, d'fhonn ceannaireacht chomhleanúnach agus éifeachtach a chinntiú i ndáil lenár mbeartais náisiúnta trádála agus infheistíochta. Faoi chathaoirleacht an Tánaiste, bíonn baint ag Airí, ag cinn gníomhaireachtaí stáit, agus ag ionadaithe eagraíochtaí gnó sa Chomhairle. Rinne an Chomhairle maoirseacht ar straitéis nua trádála agus infheistíochta a ullmhú agus chomhaontaigh sí roinnt gníomhaíochtaí tosaíochta d'Éirinn chun na huaillmhianta trádála agus infheistíochta atá aici a thabhairt chun fíre.

### Comhaontuithe Trádála

D'oibrigh an Roinn, thar ceann na hÉireann, go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na ballstáit sa bhliain 2021 chun idirbheartaíocht maidir le roinnt comhaontuithe trádála a chur chun cinn.

- Leanadh leis an idirbheartaíocht do Chomhaontuithe Saorthrádála ar leith leis an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Meastar go gcruthóidh Comhaontuithe Saorthrádála uaillmhianacha leis an Astráil agus an Nua-Shéalainn méadú €4.9 billiún sa bhliain ar Olltáirgeacht Intíre an AE.

- Tháinig Comhaontú an AE-na Síne maidir le Tásca Geografacha (GI) a chosaint i bhfeidhm an 1 Márta 2021. Cosnófar sa chomhaontú 100 Tásc Geografach Eorpacha (GI) sa tSín, lena n-áirítear Uisce Beatha agus Uachtar na hÉireann agus 100 GI Síneach san Aontas Eorpach i gcoinne forghabhála agus aithrise.
- Ó bhí iarratas sealadach ar an gComhaontú Trádála Eacnamaíochta agus Cuimsitheach le Ceanada (CETA), tháinig ardú 44% ar na hearraí a easpórtáladh go Ceanada agus ardú 28% ar Sheirbhísí ó bhí an bhliain 2016 ann, an bhliain dheireanach iomlán sular cuireadh CETA i bhfeidhm.

D'fhreastail an Tánaiste ar an gComhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eorpacha agus ar an gComhchoiste Oireachtais um Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht araon le bheith ar son thacaíocht leanúnach an Rialtais maidir leis an gcomhaontú sin, agus na tairbhí atá i gceist leis, roimh an bpróiseas foirmiúil daingnithe.

### Trádáil a Chur Chun Cinn

Gach bliain, oibríonn an Roinn i ndlúthchomhar lena ngníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann
Agus an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA), ar chlár maidir le Misin Cur Chun Cinn Trádála agus Infheistíochta faoi stiúir Airí. Bhí go leor acu sin ar siúl beagnach sa bhliain 2021, mar gheall ar phaindéim COVID-19. De réir mar a cuireadh deireadh leis na srianta taistil, threoraigh an Tánaiste an chéad mhisean trádála ar an láthair go dtí an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an Ghearmáin agus léirítear an tábhacht atá ann d'Éirinn maidir lenár gcaidreamh trádála leis an Ríocht Aontaithe agus an AE, i dtimpeallacht i ndiaidh an Bhreatimeachta. Treoraíodh tuilleadh misin trádála agus infheistíochta ag leibhéal an Aire chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada, an Fhionlainn, Learpholl, an Bhreatain Bheag agus réigiún na Murascaille.

Ina theannta sin, sheol Fiontraíocht Éireann seachtain na Margaí Idirnáisiúnta leis an téama: 'Téarnamh Domhanda. Deis na hÉireann'. Is é is bunchuspóir Sheachtain na Margaí Idirnáisiúnta ná cuidiú le cuideachtaí na hÉireann díolacháin easpórtála domhanda a mhéadú, agus ar an mbealach sin poist a chruthú agus a choimeád in Éirinn. Chláraigh níos mó ná 700 cuideachta in Éirinn don ócáid, ag glacadh páirt i níos mó ná 1600 cruinniú duine le duine le comhairleoirí Fhiontraíocht Éireann.

## Rannpháirtíocht an AE

### Cruinnithe na Comhairle Eorpaí

Tháinig cruinnithe na Comhairle Eorpaí ar ais ar an láthair sa bhliain 2021 agus bhí an Tánaiste ag déanamh ionadaíochta thar ceann na hÉireann chun an spéis atá ag Éirinn i gComhairle Trádála an AE a léiriú.

Le linn na bliana 2021 bhí an tAire Troy ag déanamh ionadaíochta thar ceann na hÉireann chun an spéis atá ag Éirinn sna Comhairlí Iomaíochais (Margadh agus Tionsclaíocht Inmheánach) a léiriú, rud a measadh raon leathan saincheisteanna lena n-áirítear an leas is fearr is féidir a bhaint as pleananna téarnaimh agus athléimneachta mar ionstraim chun spriocanna beartais tionscail a chur ar fáil maidir leis an Margadh Aonair a neartú. Idir an dá linn, bhí an tAire Troy, an tAire English agus an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Roderic O'Gorman ag déanamh ionadaíochta thar ceann na hÉireann ag na Comhairlí Gnóthaí Fostaíochta agus Sóisialta (EPSCO).

Ar aon dul le hoibleagáidí Iniúchta Oireachtais AE na Roinne, thug an Roinn faisnéis don Oireachtas ar 17 moladh AE ar réimse de cheisteanna beartais, chomh maith lena hoibleagáid chun dhá thuairisc 6 mhí a chur isteach ar fhorbairtí AE a chomhlíonadh.

### Margadh Aonair AE i Seirbhísí

Ó thús deireadh 2021, lean an Roinn dá rannpháirtíocht ag leibhéal AE, An Coimisiún Eorpach san áireamh, agus le Ballstáit eile trí ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ar Mheithleacha agus Coistí ar cheisteanna Margadh Aonair.

Leanadh den obair le ballstáit atá ar aon intinn linn agus leis an gCoimisiún Eorpach chun constaicí a shainaithint agus a bhaint maidir le soláthar seirbhísí trasteorann i Margadh Aonair AE, lena n-áirítear tríd an Tascfhórsa Forfheidhmiú Margadh Aonair a bunaíodh sa bhliain 2020. Bhunaigh an Roinn líonra náisiúnta idir-rannach freisin le bheith mar bhonn agus mar thaca ag an gcomhlíonadh leanúnach leis an Treoir Seirbhísí agus acmhainn riaracháin na hÉireann a fheabhsú chun Margadh Aonair AE i seirbhísí a chur i bhfeidhm, a fhorghníomhú agus a fheabhsú.

Lean an Roinn de láithreán gréasáin Phointe Teagmhála Aonair na hÉireann a bhainistiú. Is acmhainn faisnéise agus cúnaimh é do sholáthróirí seirbhísí san Aontas Eorpach ar mian leo seirbhísí a sholáthar in Éirinn chun saorghluaiseacht seirbhísí laistigh den Mhargadh Aonair a éascú.

Bhainistigh an Roinn ionchur na hÉireann le líonraí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an t-ionad SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh.
In 2021, scóráil Ionad SOLVIT na hÉireann scór ard arís i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar fheidhmíocht ionaid náisiúnta.

### Comhairle Trádála an AE agus Comhairle

### Trádála an Choimisiúin

Rinne an Tánaiste cúram de leas na hÉireann ag Comhairle Trádála an AE, ag ar cuireadh Athbhreithniú ar Bheartas Trádála an AE agus ullmhúcháin do 12ú Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála chun cinn. Cuireadh an Chomhdháil Aireachta ar atráth i ndiaidh sin de dheasca COVID-19. Bhí díospóireacht ag an gComhairle faoi chaidreamh trádála an AE-SAM freisin, chomh maith le caidrimh trádála déthaobhacha le comhpháirtithe eile.

Faoi Uachtaránacht na Portaingéile ar an gComhairle Eorpach, d'aontaigh Ballstáit go nglacfaidís le seasamh comhghéillte maidir leis an Togra d'Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta AE. Leis an doiciméad sin, cuireadh tús le hidirphléití trípháirteacha le Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach ag deireadh na bliana 2021 d'fhonn bailchríoch a chur ar an Ionstraim in 2022. Tá dlúthbhaint ag an Roinn i gcónaí leis an bpróiseas, agus bíonn sí ag obair i gcomhar le comhghleacaithe ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

### An Coimisiún Eorpach

Bhí baint ag an Roinn le tabhairt isteach Shásra Údaraithe Onnmhairiúcháin Vacsaíní an Choimisiúin in 2020 chomh maith, a bhain le honnmhairiú vacsaíní COVID-19 agus táirgí gaolmhara eile ón AE chuig tríú tíortha.
Chuaigh an sásra údaraithe sealadach in éag ag deireadh mhí na Nollag 2021 agus cuireadh próiseas fógra onnmhairiúcháin i bhfeidhm ina áit.

Ar na réimsí eile d'obair reachtach a bhain le trádáil an AE agus de rannpháirtíocht na Roinne, áiríodh foilsiú Thogra nua Frithchomhéigin an Choimisiúin, a bhfuil sé mar aidhm leis an AE a chumasú chun freagairt do ghníomhaíochtaí comhéigneach ag tríú tíortha i gcoinne an Aontais ná Bhallstáit an Aontais.

Lean an Roinn d'ionchur a chur ar fáil thar ceann na hÉireann i gcásanna cosanta trádála arna gcur ar aghaidh ag an gCoimisiún lena mbreithniú ag na Ballstáit. Bhí tuairim is 60 cás cosanta trádála faoi bhainistiú na Roinne in 2021, a theastaigh for-rochtain agus ionchur suntasach páirtithe leasmhara ina leith. Baineann na cásanna seo le scrúduithe an Choimisiúin maidir le huaireanta ina bhféadfadh tríú tíortha a bheith ag dumpáil nó ag fóirdheonú táirgí ar mhargadh an AE chun dochair tháirgeoirí an AE.

## Smachtú agus ceadúnú trádála

**Is í an Roinn an tÚdarás Náisiúnta Inniúil do réimis rialuithe onnmhairiúcháin náisiúnta agus AE, a ceapadh chun cosc a chur le hiomadú na n-arm ollscriosta, chun tacú le seasmhacht réigiúnach agus cearta an duine a chosaint. Is cuid thábhachtach iad na réimis seo den timpeallacht rialaithe gnó do chuideachtaí a thrádálann go hidirnáisiúnta as Éirinn. Bhí gníomhaíocht sa réimse seo fós láidir in 2021:**

- D'eisigh an Roinn 636 ceadúnas onnmhairiúcháin, agus ba é €1.9 billiún luach na n-onnmhairí dá bharr sin.
- Rinneadh cuairteanna for-rochtana agus comhlíontacha ar áitribh onnmhaireoirí le linn na bliana nuair ab fhéidir, ag brath ar shrianta. Rinneadh iniúchtaí deasc-bhunaithe agus cruinnithe fíorúla chun tacú leis na cuairteanna seo ar láithreáin.
- Achtaíodh 21 Ionstraim Reachtúil chun éifeacht dlí iomlán a thabhairt do smachtbhannaí AE.
- Achtaíodh sé Ionstraim Reachtúil chun éifeacht dlí a thabhairt do shásra trédhearcachta agus údaraithe an AE
- maidir le honnmhairiú vacsaíní COVID-19 do thíortha taobh amuigh den AE.

## Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair

**Is í an Roinn atá i gceannas ar rannpháirtíocht na hÉireann san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO), sainghníomhaíocht de chuid na NA. I mí an Mheithimh 2021, chuir Éire a céad théarma riamh mar chomhalta Titulaire den Fhoras Rialaithe (GB) i gcrích, a raibh cearta labhartha agus vótála i gceist leis.**

Grúpa Idir-rannach a chomhordaíonn seasaimh náisiúnta ar chlár oibre an GB, a thugann le chéile Ranna ar a bhfuil freagracht bheartais as míreanna ar chlár oibre leathan an GB. Croíghné d'obair an Ghrúpa is ea rannpháirtíocht na n-eagras ionadaíochta d'fhostóirí agus d'fhostaithe, chun go léireofar gur eagraíocht thríthaobhach í an ILO.

De dheasca phaindéim COVID-19, is go fíorúil a rinne an ILO a chuid oibre, den chuid is mó, agus cuireadh leis sin trí chinntí a dhéanamh i gcomhfhreagras.

I mí Mheán Fómhair 2021, dhaingnigh Éire ionstraim daingniúcháin Ionstraim na bliana 1986 lena leasaítear Bunreacht an ILO, a fhéachtar le comhaltas Fhoras Rialaithe an ILO a leathnú, ag méadú an chomhaltais ó 56 suíochán go 112 suíochán. Chun go gcuirfí i bhfeidhm í, ní mór do dhá thrian de Bhallstáit an ILO í a dhaingniú nó a ghlacadh, lena n-áirítear cúig cinn ar a laghad de na 10 Ballstát a bhfuil príomhthábhacht tionsclaíochta acu.

## An Tionscnamh um Oileán Comhroinnte

**Arna bhunú ag an Taoiseach i nDeireadh Fómhair 2020, tá mar aidhm ag an Tionscnamh um Oileán Comhroinnte leas a bhaint as Comhaontú Aoine an Chéasta d'fhonn comhoibriú, nasc agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán na hÉireann. Gníomhaíonn an tAonad um Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh chun an tionscnamh uile-Rialtais seo a thabhairt chun cinn agus a chomhordú. Bíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag obair go dlúth leis an aonad chun comhordú a dhéanamh ar dhearcthaí fiontraíochta agus trádáil a ionchur i bhfís an tionscnaimh.**

I Mí an Mheithimh 2021, ghlac an Tánaiste páirt in idirphlé maidir le hOileán Comhroinnte ar an ngeilleagar uile-oileánda, dar teideal Atógáil le Chéile i dteannta breis is 140 duine ó ar fud na réimsí gnó, fiontraíochta agus nuálaíochta a raibh ionadaíocht á déanamh ina leith.

# Sprioc Straitéiseach 5:

An t-aistriú glas a chur chun cinn maidir le cúrsaí fiontraíochta, ag comhlíonadh ár ngealltanais i ndáil le hathrú aeráide.

## Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

**Bhí ionchur mór ag an Roinn i bPlean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide don bhliain 2021 agus chuaigh i mbun oibre leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le ranna agus gníomhaireachtaí eile chun forbairt a dhéanamh ar na bearta a bheidh ar an earnáil fiontraíochta a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí a laghdú faoi idir 29% agus 41% faoin mbliain 2030.**

I measc phríomhbhearta na hearnála fiontraíochta tá: dlús a chur faoi ghlacadh an tionscail le córais teasa atá neodrach ó thaobh carbóin de, deireadh a chur le húsáid gás a bhféadfadh téamh domhanda ard a bheith i gceist leo trí rialacháin AE breise, carbón corpraithe a laghdú in ábhair thógála (lena n-áirítear ábhair eile a úsáid in ionad stroighne), agus leictriúchán giniúna teasa ardteochta a éascú sa tionscal.

Sa bhliain 2021, fuair an Roinn €55 milliún i maoiniú ón AE faoin gCiste Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta chun tionscadail chúnaimh a mhaoiniú d'fhonn dlús a chur faoi dhícharbónú na hearnála fiontraíochta. Leis an maoiniú tabharfar aghaidh ar an bpráinn atá le dícharbónú ar fud gach fiontar, lena n-áirítear bearta géaraithe a ghlacadh i ndáil le spreagadh a thabhairt Córais Rialaithe Mhéadraithe agus Mhonatóireachta Fuinnimh a shuiteáil.

## An tAistriú Glas i gCúrsaí Fiontraíochta

**Is príomhghné é ghníomhú ar son na haeráide de straitéisí fiontraíochta na Roinne agus dá cuid gníomhaireachtaí. Tá mar aidhm leis na naoi bPlean Forbartha Réigiúnacha aghaidh a thabhairt ar an bpráinn atá ann go dtabharfadh fiontair faoi dhigitiú agus go gcuirfeadh siad le geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de.**

Sheol Fiontraíocht Éireann feachtas idirnáisiúnta 'Ready for a Green Future' a chuir nuálaithe glasa na hÉireann chun cinn a chuireann réitigh inbhuanaithe ísealcharbóin ar fáil chun dul i ngleic leis an dúshlán aeráide. Thug an feachtas ardáin do go leor nuálaithe glasa na hÉireann atá ar thús cadhnaíochta sa domhan, a réitíonn dúshláin theicniúil chasta agus a chuireann réitigh inbhuanaithe ísealcharbóin ar fáil chun fuinneamh in-athnuaite a dhéanamh inmharthana; ag laghdú dramhaíl fuinnimh i gcathracha na tíre le teicneolaíocht chliste; ag laghdú dramhaíl talmhaíochta agus ag déanamh obair thógála níos glaine.

Tá dul chun cinn déanta ag Fiontraíocht Éireann freisin le blianta beaga anuas i dtaobh cur le hacmhainní cuideachtaí i bpríomhearnálacha a lorg comhshaoil a laghdú agus deiseanna nua a ghlacadh a thagann as cleachtais ghnó ísealcharbóin agus inbhuanaithe. Tá clár Taighde Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann do Ghnólachtaí Beaga, a forbraíodh chun nuálaíocht a chur chun cinn i gcomhlachtaí na hearnála poiblí agus i gcuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit, ag leanúint de thacú le samhlacha gnó agus teicneolaíochtaí cliste agus glasa nua.

### Climate Toolkit 4 Business

Sheol an Tánaiste agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, sraith straitéisí ar líne, climatetoolkit4business.gov.ie. Ba í an Roinn agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a rinne sin a fhorbairt agus bhí dhlúthbhaint ag Grúpa Stiúrtha chomhdhéanta de ghníomhaireachtaí ábhartha stáit agus eagraíochtaí ionadaí gnó leis. Is é is aidhm leis ná go mbeadh sé níos éasca ar gach gnólacht tús a chur le haghaidh a thabhairt ar an tionchar a imríonn siad ar an aeráid agus feabhas a chur ar an teacht aniar atá iontu chomh maith le cuidiú leo a bheith faoi bhláth i ngeilleagar ísealcharbóin.

### An Ciste Fiontair um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tacaíonn an Ciste Fiontair um Ghníomhú ar son na hAeráide le gnólachtaí na hÉireann cur leis na hacmhainní a theastaíonn chun táirgí, seirbhísí agus samhlacha gnó inbhuanaithe a sholáthar. Seoladh an Ciste i mí Bealtaine 2021, agus áirítear Dearbhán um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fiú suas le €1,800 euro é chun sainchomhairleoirí a fhostú d'fhonn deiseanna a aithint agus pleananna a fhorbairt i réimsí amhail

éifeachtúlacht acmhainne, fuinneamh in-athnuaite agus an geilleagar ciorclach. Tá leas bainte ag breis is 70 cuideachta as an dearbháin seo cheana féin.

### Green For Micro

Sheol na hOifigí Fiontair Áitiúla an Clár Green For Micro i Márta 2021 agus chuir sainchomhairle shaincheaptha ar fáil d'iarratasóirí ar éirigh leo ar an gcaoi le hinbhuanaitheacht a thabhairt chun cinn agus cuidiú leo a gnólacht a 'Ghlasú'. Is é is aidhm leis an gClár Green For Micro cuidiú le gnólachtaí beaga iad féin a ullmhú don gheilleagar ísealcharbóin amach anseo a bheidh tíosach ar acmhainní.

## Obair ag leibhéal AE

**Tá sé i gceist le Treoir an AE maidir le hÉicidhearthóireacht feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na dtáirgí ar an margadh a bhaineann le fuinneamh trí bhíthin caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh níos airde a leagan amach. Is éard is aidhm léi, tomhaltóirí a spreagadh le bheith níos freagraí as a gcuid úsáide fuinnimh. Dá bharr sin, brúitear táirgí nach bhfuil chomh héifeachtúil ó thaobh fuinnimh de amach as an margadh.**

Tá níos mó grúpaí táirgí curtha leis faoin Treoir. Feidhmíonn Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) ina Údarás Faireachais Margaidh do na rialacháin seo agus cuireann an Roinn na bearta sin i bhfeidhm agus déanann iad a fhorfheidhmiú trí Ghrúpa Feidhmiúcháin na Rialachán maidir le Lipeádú Fuinnimh agus Éicidhearthóireacht (ELERIG).

Rinne an Roinn teagmháil leis an gCoimisiún Eorpach ag luathchéimeanna freisin maidir leis na tograí chun an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht a leasú faoin Tionscnamh maidir le Táirgí Inbhuanaithe (TTI). Tá sé seo mar chuid de Phacáiste beart 'Fit for 55' faoi Shocrú Glas an AE.

## Aistriú Glas na Ranna Rialtais

**Chomh maith le beartais a leagan, tá an Roinn tiomanta do bheith níos inbhuanaithe ar fud na bhfoirgneamh agus na gcleachtas atá aici. I dTuarascáil Bhliantúil 2021 ó Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann maidir le feidhmíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí, léirítear gur sholáthair an Roinn 63% i gcoigilteas fuinnimh ón mbliain bhonnlíne (2009). Is é sin coigilteas i bhfad níos mó ná an sprioc thosaigh 33% a leagadh síos do chomhlachtaí poiblí agus atá suite go maith le soláthar thar sprioc de 50% faoi 2030 a bhaint amach.**

Cuireadh an tríú Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní (REAP) ón Roinn i gcrích in earrach 2021. Leagtar amach ann gníomhaíochtaí éagsúla atá á ndéanamh ar fud fhoirgnimh na Roinne, lena ndírítear ar cheithre réimse téamacha: Fuinneamh; Bainistiú Dramhaíola; Úsáid Uisce agus Éiceolaíocht / Saol plandaí. Tuairiscítear sa phlean ar úsáid fóntas agus ar ghnóthachain éifeachtúlachta in aghaidh sonraí bunlíne.

Tá an REAP faoi stiúir ag 'Foireann Ghlas' inmheánach an-ghníomhach a oibríonn i gcomhar lena chéile chun feasacht a mhúscailt ar na 4 téama, chomh maith le tionscnaimh a chur i bhfeidhm agus feabhsúcháin ar phróisis agus ar fhoirgnimh a bhainistiú. Reáchtáladh 'an Mhí Ghlas' i samhradh 2021 agus áiríodh léi tionscnaimh amhail dáileadh síolta; dúshláin rothaíochta (a bhí fíor agus fíorúil) agus cuir i láthair maidir le héifeachtúlachtaí fuinnimh baile. Soláthraíodh dhá thionscadal shuntasacha 'Ghlasa' i rith 2021:

- Cuireadh coirceoga ar dhíon cheanncheathrú na Roinne ag 23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, le tacaíocht ó sraith alt maidir le bithéagsúlacht a foilsíodh go hinmheánach, ó fhíseáin agus ó chur i láthair idirghníomhach fíorúil a rinneadh ó na coirceoga.
- Rinneadh an córas teasa a uasghrádú i bhfoirgneamh Phort an Iarla na Roinne, lenar áiríodh braiteoirí teochta a shuiteáil ar fud an fhoirgnimh agus feabhsúcháin eile maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Le Ciorclán 20/2019 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe éilítear go gcaithfidh gach Roinn tuairisciú go bliantúil ar a soláthar poiblí glas (GPP).

Tá an Roinn tiomanta do chinntiú, más féidir, go gcuimseofar Soláthar Poiblí Glas agus Dálaí Sóisialta sa phróiseas tairisceana do chonarthaí poiblí. Cuimsítear sa teimpléad in Aguisín 3 na hocht n-earnáil tosaíochta atá liostaithe i dTreoir Soláthar Glas 2014 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don Earnáil Phoiblí agus taispeántar ann luach iomlán na gconarthaí a d'eisigh an Roinn seo in 2021, ar luach breis is €25,000 iad a eisíodh de réir earnáil tosaíochta ina bhfuil GPP ionchorpraithe.

### eDocs

Le linn 2021, d'aistrigh an Roinn chuig córas nua bainistithe do dhoiciméid agus taifid leictreonacha ar a dtugtar 'e-Docs'. Tá an feidhmchlár 'e-Docs' mar chuid den fhoireann feidhmchláir 'Tógáil le Roinnt' a chuireann OGCIO ar fáil. Cabhrófar leis socruithe bainistithe taifid na Roinne a fheabhsú agus laghdófar leis freisin an gá le comhaid pháipéir agus cuideofar le glasú breise na Roinne i gcaitheamh ama.

# Sprioc Straitéiseach 6:

Roinn atá nuálach agus sofhreagrúil a fhorbairt ag a bhfuil eiteas láidir i leith seirbhís phoiblí ag stiúradh cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais.

## Ag freagairt do phaindéim COVID-19

**Bhí tionchar ag an bpaindéim ar oibríochtaí ar fud fheidhmeanna corparáideacha uile na Roinne, ach bhí Bord Bainistíochta na Roinne ar an eolas go mór ón tús ar an ngá a bhí ann cúraim gnó na Roinne a shásamh agus cúnamh a thabhairt don fhoireann ag an am céanna dul i ngleic leis na dúshláin bhainteacha ghairmiúla agus phearsanta.**

Trí Chreat Folláine na Roinne, atá roinnte ina cheithre cholún eadhon Aclaíocht Fhisiciúil, Aclaíocht Mheabhrach, Cothú agus Folláine Shóisialta, tugadh roinnt tionscnamh i gcrích: leathanach tiomanta folláine ar inlíon na Roinne, Nuachtlitir Folláine mhíosúil, seimineáir ar líne ag am lóin le Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse; agus le saineolaithe ar ábhair sláinte agus folláine éagsúla; club leabhar, ranganna ióga/pilates ar líne; agus gníomhaíochtaí fíorasacha le tacaíocht ó Chumann Spóirt agus Sóisialta na Roinne.

Chuaigh an Roinn i gcomhpháirtíocht le Creat Sláinte agus Folláine na Státseirbhíse agus chuir sí leis an gcreat sin, creat ar seoladh é i mí Mhéan Fómhair 2021. Chuir an Roinn atá leagtha amach sa Phrotacal um Obair go Sábháilte i bhfeidhm chomh maith agus thairg measúnaithe, eolas agus comhairle do fhoireann a bhí ag obair go cianda ar Shláinte agus Sábháilte san ionad oibre.

Bhí saincheisteanna Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine ina gcroíchuid de Ghrúpa Oibre COVID-19 inmheánach na Roinne chomh maith a raibh breis is 40 cruinniú rialta foirne mar chuid de.

## Airgeadas

**Chuir Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe don bhliain 2021 a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2020 leithdháileadh comhlán €1.142 billiún ar fáil don Roinn le húsáid in 2021. Rinneadh soláthar sa Mheastachán chomh maith chun €106 milliún de leithreasaí caipitil na bliana 2020 nár caitheadh a thabhairt anall lena húsáid ag an Roinn sa bhliain 2021.**

Chinntigh an chuid is mó den leithdháileadh breise do 2021, in éineacht leis an €160 milliún i gcaipiteal le tabhairt anall, go raibh sé ar chumas na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí leanúint de na sraitheanna riachtanacha tacaíochta a chur ar fáil do ghnólachtaí agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh trí na dédhúshláin a bhain le COVID-19 agus leis an mBreatimeacht.

Chuir an Meastachán ar ár gcumas bearta discréideacha a mhaoiniú amhail: an Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga i leith COVID-19, an Ciste Fiontar Cothaitheach, an Scéim Táirgí Saoil COVID-19, an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19, an tArd-Ionad Déantúsaíochta agus an Ciste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh. Rinneadh an maoiniú reatha méadaithe a bhí i Meastachán 2021 na Roinne a dhíriú go príomha ar chur le foinsí na Roinne agus a cuid gníomhaireachta chun go mbeadh sí ábalta an t-éileamh breise ar a cuid seirbhísí a shásamh agus leanúint de shraith shuntasach de thacaíochtaí COVID-19 agus Breatimeachta a chur ar fáil do ghnólachtaí, oibrithe agus tomhaltóirí ar feadh 2021.

## Measúnú Beartais agus Cláir

### Próiseas Athbhreithnithe Caiteachais

D'fhoilsigh an Roinn dhá pháipéar faoin bpróiseas athbhreithnithe caiteachais in 2021, agus is athbhreithniú ar chaiteachas caipitil na Roinne sa tréimhse idir 2006 agus 2020 a bhí sa chéad cheann. Scrúdaíodh sa pháipéar seo caiteachas na Roinne de réir réimse téamach agus tarraingíodh aird ar roinnt ceisteanna ar chláir a mhaoiníonn an Roinn, an meascán i dtaobh ionstraimí agus tairbhí beartais, an phróifíl athraitheach a bhaineann le hIoncam ó do cuid Foinsí Féin agus an méid a thugann caiteachas na Roinne léargas ar thosaíochtaí nua beartais.

Leagadh creat amach i páipéar eile ina ndearadh athbhreithniú ar chaiteachas chun scéimeanna iasachta a raibh tacaíocht Stáit acu faoi chúram na Roinne

a mheas. Moltar sa pháipéar seo go ndéanfaí na scéimeanna iasachta a mheas ar feadh trí phríomhghné- breisíocht eacnamaíocht, breisíocht airgeadais agus inbhuanaitheacht airgeadais. Ó tharla tábhacht níos mó a bheith ar na hionstraimí seo ina n-uirlisí beartais don Roinn, tá sé tábhachtach go ndéanfaí iad a mheas ar bhunús comónta chun go mbeifear ábalta tuiscint láidir a fháil ar an tionchar a bheidh acu.

### Measúnú ar an gClár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta

Foilsíodh measúnú ar chlár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta Enterprise Ireland i Márta na bliana 2021. Fuarthas amach leis an athbhreithniú go raibh tionchar dearfach ollmhór ag an gclár ar chaiteachas Taighde agus Forbartha, ar fhostaíocht, ar dhíolacháin agus ar onnmhairiú na ngnóthas tairbheach.

### Deimhniúchán ISSCOP i leith Aschuir Staidrimh

D'oibrigh an Roinn i leith deimhniúchán a bhaint amach faoi Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCOP) i leith péire dá cuid bunaschur staidrimh, an Suirbhé Bliantúil Fostaíochta agus an Suirbhé Bliantúil Gnó i leith Tionchar Eacnamaíochta. Cuireann deimhniúchán ISSCOP leibhéal an-ard cinnteachta d'úsáideoirí i dtaobh chaighdeán agus neamhspleáchas na staidreamh a cuireadh i dtoll a chéile agus tugann cinnteacht do sholáthróirí sonraí i dtaobh shlándáil agus rúndacht na sonraí a chuirtear faoinár gcúram.

### Anailís faoi Chumhacht AI ar Thaifid CRO – Tionscadal Píolótach

Thug an Roinn, agus í ag obair i gcomhar leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO), faoi thionscadal píolótach chomh maith chun sonraí a asbhaint as tuarascálacha bliantúla a bhí á gcoimeád ag an CRO. Is é is aidhm leis an tionscadal ná bunachar sonraí saibhir agus struchtúrtha a fhorbairt i dtaobh feidhmíochta cuideachtaí d'anailís beartais atá fianaise-bhunaithe. D'oibrigh an fhoireann le IBM chun úsáid a bhaint as an ardán anailíse doiciméid faoi chumhacht AI atá acu d'fhonn chomh indéanta is a bheadh sé astarraingt thoirtiúil sonraí a dhéanamh as comhaid PDF tuarascálacha bliantúla agus tá cead faighte acu úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun an tionscadal a fhorbairt ar bhun píolótach ar dtús.

## An Straitéis Daoine 2021-2024

**D'fhorbair an tAonad Acmhainní Daonna an Straitéis nua Daoine don Roinn sa bhliain 2021. Is iad na trí phríomhsprioc a bhaineann leis an Straitéis Daoine ná: 'a bheith ina Fhostóir de Rogha'; 'Lucht Saothair' a fhorbairt atá in ann athruithe agus dúshláin amach anseo a sheasamh; agus 'Áit Oibre Ionchuimsitheach' a bheith ann a thacaíonn le deis chomhionannais don fhoireann ar fad.**

### Earcaíocht, Tascanna agus Lucht Saothair a Phleanáil

Lean próiseas Phlean an Lucht Saothair (WFP) don bhliain 2021 ar aghaidh ag feidhmiú i dtírdhreach ar cuireadh as dó, áit a raibh tionchar mór ag paindéim COVID-19 air. Is éard a bhí i gceist le measúnú fíor-ama níos straitéisí ar an lucht saothair ná acmhainní nua a earcú, foirne a athstruchtúrú, tacar scileanna a bharrfheabhsú agus daoine a chur le poist, lena chinntiú go bhfuil tiomantais agus scéimeanna an Rialtais chriticiúil curtha ar fáil.

Fuair an tAonad Acmhainní Daonna ceadúnas earcaíochta sa bhliain 2020, mar chuid de phlean comharbais na Roinne, le tuilleadh daoine cumasacha atá réidh le hearcú i margadh luaineach fostaíochta a chinntiú. Rinneadh ceithre feachtas earcaíochta ar éirigh leo le linn na bliana 2021 ag baint leas as an gceadúnas earcaíochta sin. Lean rannpháirtíocht rialta leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (CPS) chun gráid ghinearálta agus roinnt sainphost a earcú.

Bhí athrú foirne nádúrtha, acmhainní breise agus deiseanna cur chun cinn mar chúis le 'hathnuachan' shuntasach foirne i rith na bliana:

- 156 Iontrálaí nua
- 126 Imeacht, lena n-áirítear 40 scor
- 61 Aistriú inmheánach
- 73 Ardú céime

D'ardaigh líon na ndaoine a bhí ag feidhmiú sa Roinn go 925.9 coibhéis lánaimseartha ag deireadh na bliana 2021, méadú ó 886.3 coibhéis lánaimseartha ag deireadh na bliana 2020. Leanadh le hath-imlonnú na bhfoirne lena n-áirítear chun cuidiú le gníomhaireachtaí amhail an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus chuidigh an fhoireann ón Aonad TFC le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndiaidh an chibirionsaithe ar chórais IT na Feidhmeannachta níos luaithe sa bhliain.

Lean an Roinn uirthi ag tacú le baill foirne atá faoi mhíchumas. Tá míchumas atá fógartha acu féin ag 4.7% de na baill foirne san iomlán. Thairg an Roinn socrúchán sé mhí do chúigear céimithe atá faoi mhíchumas faoin tionscadal ar a dtugtar Meantóireacht Toilteanach Ábalta (WAM). Fuair an tAonad Acmhainní Daonna cead chun ball nua foirne a earcú trí scéim Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL) do dhaoine óga atá faoi mhíchumas intleachta.

Lean an Roinn uirthi ag obair freisin ag cinntiú tacaíocht leordhóthanach d'fhoireann ina naoi nGníomhaireacht agus tascanna chuig na Boird Stáit atá faoina coimirce. Próiseáladh níos mó

ná 100 iarratas chun déileáil le líonadh folúntais agus poist nua a bhunú do Ghníomhaireachtaí Stáit sa bhliain 2021, nuair a rinneadh cúig fheachtas de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (CPS) chun 20 folúntas atá ag teacht chun cinn sna Boird Stáit a líonadh faoin chúram na Roinne a mheas.

### Foirne Nasctha

Mar fhreagra ar dhúshláin na paindéime, sheol an tAonad Acmhainní Daonna clár inmheánach Foirne Nasctha i mí Eanáir na bliana 2021 a d'aithin an t-iompar a thacaíonn le hobair chumaisc éifeachtach d'fhoirne agus a chuireann an t-iompar sin chun cinn. Is éard atá i gceist sa chlár ná tionscnaimh maidir le cianobair, líonra Idir Piaraí a bhunú a cheanglaíonn earcaigh nua le baill foirne atá ag obair ann le fada, agus ceardlanna oiriúnaithe don lucht bainistíochta sinsearaí a chur ar fáil.

### Foghlaim agus Forbairt

De réir mar a lean an phaindéim agus srianta ag dul i bhfeidhm ar an Roinn, cuireadh an oiliúint ar fad beagnach ar fáil ar líne. Ghlac 696 (72%) ball foirne páirt i gceann amháin de na 376 cúrsa a chuir an tAonad Foghlama agus Forbartha agus OneLearning araon ar fáil le linn na bliana 2021.
Mhaoinigh an Roinn 47 ball foirne freisin i gcúrsaí acadúla tríú leibhéal sa bhliain 2021 ar fud réimse cúrsaí i ndisciplíní atá ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne amhail amhail Eacnamaíocht, Eolaíocht in Anailís Bheartais, Dlí Fostaíochta agus Riarachán Gnó.
Lean tairiscintí oiliúint meantóireachta agus feidhmiúcháin agus orthu ag feidhmiú mar uirlisí suntasacha chun tacú le fás agus forbairt foirne.

### Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís

Foilsíodh torthaí an tríú Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís sa bhliain 2021. Léirítear i dtorthaí na Roinne mothú láidir i measc na bhfoirne ann go bhfuil na scileanna agus an cumas acu chun a bpost a dhéanamh, go bhfuil siad ceangailte go maith agus go bhfuil páirt acu san eagraíocht agus tionchar na heagraíochta a cuireadh ar fáil, agus go bhfuil mothú láidir folláine agus teacht aniar sa Roinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach ó rinneadh an suirbhé sa bhliain 2015 - faoi Thiomantas na hEagraíochta (suas go 24%), Aeráid Nuálach (suas go 24%), agus ceannaireacht (suas go 32%).

Nuair a cuireadh na céimeanna deiridh de Ghradaim Bhliantúla Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 'ar sos' sa bhliain 2021, chuir an Roinn cúig tionscadal isteach ar ghradaim na bliana seo, agus d'éirigh léi dhá ainmniúchán a fháil:

- I gcatagóir maidir le Barr Feabhais a bhaint amach i gceapadh beartas agus i gCur i bhFeidhm, Treoir agus Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair.
- I gcatagóir maidir le hathchóiriú chun cinn le linn COVID-19, na Scéimeanna Iasachta COVID-19 do SMEnna.

## TFC a Uasghrádú

**Leanadh le hobair sheirbhís TFC na Roinne de bheith ag díriú go suntasach ar dhul in oiriúint do na dúshláin arna gcruthú ag géarchéim COVID-19. Cuireadh roinnt feabhsúcháin i bhfeidhm chun cur le hacmhainneacht sheirbhísí na Roinne tacú leis an gcianobair, chun a chinntiú go bhféadfadh an Roinn a seirbhís a sholáthar ó chian, agus chun ullmhú do roghanna oibre hibridí amach anseo.**

Cuireadh feabhas ar chumraíocht seirbhísí líonraí go háirithe chun freastal d'úsáid físchomhdhála a bhí ag méadú, agus úsáid níos mó a bhí á baint as uirlisí comhoibrithe. Cuireadh ardán nua comhoibrithe foirne i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le foirne feidhmiú go héifeachtach le linn dóibh a bheith ag obair ó chian.

Mar fhreagairt ar leibhéal méadaithe cibear-riosca, cuireadh roinnt cosaintí bogearraí agus srianta próisis bhreise i bhfeidhm. Cuireadh le cibearfhaireachas agus tá sé fós ina chuid thábhachtach d'obair na Roinne.

Rinneadh córais tacaíochta custaiméirí in Oifig Maoine Intleachtacha na hÉireann a uasghrádú chun tacú le fadsaolaí amach anseo agus le cothabháil a éascú. Cuireadh feabhas ar na córais tacaíochta ceadanna fostaíochta chun cur le héifeachtúlachtaí próiseála, agus cuireadh córais bhreise tacaíochta custaiméirí i bhfeidhm sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Rolladh amach córas nua um dhoiciméid a bhainistiú, eDocs, ar fud na Roinne chun tacú le tionscnaimh maidir le heolas a bhainistiú, agus rinneadh ullmhúcháin chun córais leagáide nua a chur in ionad roinnt córas leagáide.

## Cumarsáid

**In 2021 scaipeadh cuid mhór den ábhar a scaip an roinn ar an spriocluct a bhí aici, go hinmheánach agus go seachtrach araon, trí chainéil agus ardáin dhigiteacha na Roinne. Tharla sé seo de bharr srianta COVID-19 a bhí i bhfeidhm maidir le himeachtaí ar an láthair a reáchtáil.**

Forbraíodh feidhm dhigiteach na Roinne le bheith ina bunchloch do chumarsáid sheachtrach a ritheadh breis agus 20 feachtas ar ardáin dhigiteacha. Bhain na feachtais ilardáin tosaíochta le tionchar COVID-19 agus an Bhreatimeachta ar ghnó, ach reáchtáladh feachtais maidir leis an méadú san Íosphá Náisiúnta agus Cianobair a Chumasú freisin. Bhí an-tóir ar leathanach LinkedIn na Roinne fós in 2021, ar méadaíodh líon na leantóirí atá aige beagnach 50%, ó 38,377 ag tús na bliana go 56,744 ag deireadh na bliana. Fuarthas imprisin os cionn 2.8m postáil ar leathanach LinkedIn na Roinne i rith na bliana.

Fásadh Twitter na Roinne (@DeptEnterprise) freisin agus tháinig méadú breis agus 2,000 ar líon na leantóirí ó 28,121 go 30,850, a fuarthas breis agus 14.5 milliún imprisin ar tvuíteanna. Bhain an rannpháirtíocht a bhí i gceist leis an dá ardán go príomha le tacaíochtaí COVID-19 do ghnólachtaí, do Chianobair a Chumasú, do thacaíochta Breatimeachta, do Shiopadóireacht Shábháilte, don Íosphá Náisiúnta, don Phrótacal um Obair go Sábháilte agus don Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha. Logáil suíomh gréasáin na Roinne os cionn 2.2m amas, ó bheagnach300,000 úsáideoir in 2021. Ba iad na topaicí gréasáin ba choitianta le linn na bliana na ceadanna fostaíochta, tacaíochtaí gnó COVID-19, an Prótacal um Obair go Sábháilte, agus treoir do chianobair.

De réir mar a lean an fhoireann de bheith ag obair ó chian go hinmheánach, bhí inlíon na Roinne ina ardán ríthábhachtach chun daoine a choinneáil ar an eolas maidir le huasdátú gnó agus pearsanta. Trí ábhar a fhoilsiú ar an inlíon, cinntíodh gur fhan an fhoireann nasctha lena chéile, ar clúdaíodh réimse topaicí san ábhar, lena n-áirítear folláine foirne, seisiúin oiliúna, seimineáir agus cainteanna gréasáin; an t-eolas is déanaí ón mbord bainistíochta agus scéalta pearsanta maidir le scor. Cruthaíodh ábhar agus roinneadh é do roinnt topaicí níos leithne lena n-áirítear Mí an Bhróid, Seachtain na Nuálaíochta, an Mhí Ghlas agus coirceoga a chur ar dhíon 23 Sráid Chill Dara.

## Bainistíocht na bhFoirgneamh

### Obair Hibrideach

I rith 2021, dhírigh an Roinn go leanúnach ar shláinte & sábháilteacht a foirne, beag beann ar cibé an raibh siad ag obair ón mbaile nó i bhfoirgnimh na Roinne. Bhí timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil i gceist leis sin, lenar comhlíonadh gach prótacal agus nós imeachta a bhain le COVID-19.

Áiríodh leis freisin aistriú sábháilte líon níos mó bhall foirne ar ais chuig foirgnimh na Roinne i Mí Mheán Fómhair 2021 agus bhí na gnéithe seo a leanas i gceist leis: go leor seisiún eolais; aip chun deasca a chur in áirithe a fhiosrú agus a thástáil; agus físeáin tosaigh. Ina theannta sin, chinntigh an Roinn go dtabharfaí an Prótacal um Obair go Sábháilte cothrom le dáta.

### Uasghráduithe

Cé gur laghdaíodh líon na mball foirne a bhí ar an láthair de bharr srianta COVID-19, cuireadh deiseanna ar fáil chun leanúint de limistéir ar fud roinnt foirgneamh a nua-aoisiú agus a uasghrádú. Le linn 2021 rinneadh limistéir cóiríochta plean oscailte áirithe a uasghrádú chun an leas is fearr a bhaint as acmhainneacht deisce. Ina theannta sin, rinneadh seomraí stórála agus taifid comhaid a athchóiriú agus tugadh cuspóir nua dóibh chun spásanna bríomhara chun tacú le hobair hibrideach agus le spásanna cruinnithe breise a chur ar fáil.

## Rialachas Corparáideach

**Rinneadh athbhreithniú rialta ar Chreat Rialaithe na Roinne. Tá Creat Comhlíonta i bhfeidhm freisin agus cuirtear léargas ginearálta ar fáil leis ar gach gníomhaíocht dearbhaithe comhlíonta sa Roinn.**

### Bainistiú Riosca

Tugadh isteach feidhmchlár eRisk i mí Eanáir 2021, arna fhorbairt ag OGCIO. Cuireadh oiliúint chuimsitheach, a soláthraíodh go hinmheánach, ar bhaill foirne gach Rannán maidir leis an gcaoi an córas a úsáid. Rinneadh an Beartas Bainistithe Riosca don Roinn a nuashonrú chun athruithe nós imeachta a léiriú. I mí an Mheithimh 2021, chuir an Roinn Ráiteas Inghlacthachta Riosca i dtoll a chéile, ina leagtar amach leibhéil inghlacthachta riosca na Roinne do gach aon cheann de na Spriocanna Straitéiseacha i Ráiteas Straitéise na Roinne, 2021 go 2023.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Lean Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) lánaimseartha na Roinne air le linn na bliana 2021 ag obair le hAonaid Ghnó ar fud na Roinne agus le hOifigí na Roinne chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtais maidir le sonraí pearsanta agus chun cabhrú leo beartais agus prótacail nua a fhoirmliú. Tugadh faoi obair chomh maith le roinnt Aonad Gnó a raibh baint acu le cabhair a sholáthar do ghnólachtaí i gcomhthéacs phaindéim COVID-19.

In 2021, fuair an Roinn agus a hOifigí 37 Iarratas Duine ar a Shonraí agus próiseáladh iad seo de réir fhorálacha na nAchtanna um Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus um Chosaint Sonraí 1988 go 2018.

### An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Ceapadh an tAcht um Bhrústocaireacht le heolas a chur ar fáil don phobal faoin duine/dream atá ag brústocaireacht, faoin duine/dream a bhfuil brústocaireacht á déanamh air agus faoi ábhar na brústocaireachta. Rinneadh liosta d'Oifigigh Poiblí Ainmnithe na Roinne faoin Acht seo a nuashonrú in 2021 agus foilsíodh é ar láithreán Gréasáin na Roinne.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

D'fhoilsigh an Roinn a Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta do 2020 ar láithreán gréasáin na Roinne i mí an Mheithimh 2021.

## Iniúchóireacht Inmheánach

**Rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) athbhreithniú ar a phlean oibre bliantúil in 2021, i gcomhthéacs thionchar COVID-19 agus chuir sé béim fós ar rioscaí straitéiseacha, fad a bhí socruithe oibre sofhreagrúla á nglacadh aige chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn i gcomhthéacs thionchar na paindéime.**

Rinneadh Athbhreithniú Cáilíochta Seachtrach ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí i R4 2021. Ba é conclúid fhoriomlán na tuarascála go bhfuil leibhéal ard comhréireachta le hInstitiúid na nIniúchóirí Inmheánacha bainte amach ag gníomhaíocht an AII agus bhain sé amach rátáil fhoriomlán go 'Comhlíonann go hIondúil' ceanglais an Chreata Idirnáisiúnta um Chleachtas Gairmiúil, arna fhorbairt ag Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha.

Cuireadh an liosta tuarascálacha iniúchta seo a leanas faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta le linn na bliana.

- Bainistiú agus Maoirseacht ar Chaiteachas TFC
- Athbhreithniú ar Phróiseáil Íocaíochtaí
- Athbhreithniú ar Cheadanna Fostaíochta
- Athbhreithniú ar Phleanáil Chomharbais
- Athbhreithniú ar Bhainistiú Taifead
- Iniúchadh Comhtháite ar Ró-íocaíochtaí Párolla
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - Idirchaidreamh agus Rialú
- Athbhreithniú ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh 2020

## Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí i gCoitinne

### Scéim Teanga 2019-2022

Tháinig Tríú Scéim Teanga na Roinne i bhfeidhm in 2019 agus leagtar amach inti a mhéad atá seirbhísí ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus sainaithnítear réimsí a bheidh le forbairt amach anseo inti. Le linn na bliana 2021, chinntigh an Roinn gur cuireadh na tiomantais a rinneadh i ndáil le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge i bhfeidhm.

### Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí 2019-2021

De réir ár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá an Roinn tiomanta a cuid beartas, nósanna imeachta agus seirbhísí i gcoitinne a dhéanamh níos doichte ar fud a réimsí gnó lena chinntiú go gcomhlíonann an Roinn a cuid ceanglas i réimse chearta an duine agus an chomhionannais. Tháinig Coiste Comhairleach Míchumais na Roinne (DCC) i gceann a chéile uair amháin go fíorúil sa bhliain 2021 agus scaipeadh ríomhphoist ar na comhaltaí go rialta le linn na bliana chun an t-eolas is déanaí ar COVID-19 agus faisnéis ar cheardlanna agus seimineáir ábhartha a eagraíodh in 2021 a chur ar fáil.

### Saoráil Faisnéise

Fuair an Roinn 279 iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2021 agus próiseáladh iad seo de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

### Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla

Tá ceanglas sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, go ndéanfaí Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla (PCRanna) ar Ghníomhaireachtaí Rialtais gach cúig bliana. Tá sé sceidealaithe go ndéanfar Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, an comhlacht reachtúil a dhéanann dlí iomaíochta agus cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, sa bhliain 2022.

### An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

De réir ár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá an Roinn tiomanta a cuid beartas, nósanna imeachta agus seirbhísí i gcoitinne a dhéanamh níos doichte ar fud a réimsí gnó lena chinntiú go gcomhlíonann an Roinn a cuid ceanglas i réimse chearta an duine agus an chomhionannais. Tháinig Coiste Comhairleach Míchumais na Roinne (DCC) i gceann a chéile uair amháin go fíorúil sa bhliain 2021 agus scaipeadh ríomhphoist ar na comhaltaí go rialta le linn na bliana chun an t-eolas is déanaí ar COVID-19 agus faisnéis ar cheardlanna agus seimineáir ábhartha a eagraíodh in 2021 a chur ar fáil.

Bhí ionchur ag an Roinn sa Tuarascáil Náisiúnta i mí Márta 2021, mar ullmhúchán d'athbhreithniú na hÉireann faoi Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe ar chearta an duine sa tír seo.

# Aguisín1

| Billí a Achtaíodh in 2021 |
| --- |
| Achtaíodh an tAcht fá Chomhaontuithe um Scéimeanna Ráthaíochta Iasachta (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann), 2021 an 25 Bealtaine 2021 |
| Achtaíodh an tAcht um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt), 2021 an 14 Iúil 2021 |
| Achtaíodh Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí), 2021 an 22 Iúil 2021 |
| Achtaíodh an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021 an 22 Iúil 2021 |
| Achtaíodh Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021 an 22 Nollaig 2021 |

# Aguisín 2

| Ionstraimí reachtúla a rinneadh in 2021 | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 48 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i gcoinne Sáruithe Tromchúiseacha ar Chearta an Duine), 2021 |
| I.R. Uimh. 49 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceadúnas Onnmhairiúcháin Vacsaíní COVID-19), 2021 |
| I.R. Uimh. 71 de 2021 | An tOrdú Feidhmeanna Aire a Tharmligean 2021 |
| I.R. Uimh. 73 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil leis an tSiria), 2021 |
| I.R. Uimh. 74 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil leis an Túinéis), 2021 |
| I.R. Uimh. 75 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil le Poblacht Dhaonlathach an Chongó), 2021 |
| I.R. Uimh. 96 de 2021 | Rialacháin um Cheanglais Éicidhearthóireachta le haghaidh Táirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Leasú), 2021 |
| I.R. Uimh. 103 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 (Alt 12A (2)) (COVID-19) 2021 [A rinneadh an 23 Feabhra] |
| I.R. Uimh. 123 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceadúnas Onnmhairiúcháin Vacsaíní COVID-19) (Uimh. 2), 2021 |
| I.R. Uimh. 191 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i gcoinne Sáruithe Tromchúiseacha ar Chearta an Duine) (Uimh. 2), 2021 |
| I.R. Uimh. 192 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil leis an tSiombáib), 2021 |
| I.R. Uimh. 200 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2020 (Síneadh leis an Dáta Ráthaíochta), 2021 |
| I.R. Uimh. 231 de 2021 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (Leasú), 2021 |
| I.R. Uimh. 235 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i gcoinne Sáruithe Tromchúiseacha ar Chearta an Duine) (Uimh. 3), 2021 |
| I.R. Uimh. 236 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil le Poblacht na hAfraice Láir), 2021 |
| I.R. Uimh. 237 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil leis an Iaráin), 2021 |
| I.R. Uimh. 250 de 2021 | Na Rialacháin um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) (Oibrithe sna hEarnálacha Iascaireachta nó Loingseoireachta a Eisiamh), 2021 |
| I.R. Uimh. 253 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceadúnas Onnmhairiúcháin Vacsaíní COVID-19) (Uimh. 3) (Leasú Sealadach), 2021 |
| I.R. Uimh. 254 de 2021 | I.R. Uimh. 672 de 2020 an tOrdú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A (1)) (COVID-19), 2021 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 255 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Alt 14A (1)) (COVID-19), 2021 |
| I.R. Uimh. 269 de 2021 | An tOrdú um an Acht fá Chomhaontuithe um Scéimeanna Ráthaíochta Iasachta (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann) (Tosach Feidhme), 2021 |
| I.R. Uimh. 284 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 (Alt 12A (2)) (COVID-19) (Uimh. 2), 2021 [A rinneadh an 1 Meitheamh] |
| I.R. Uimh. 286 de 2021 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú), 2021 |
| I.R. Uimh. 292 de 2021 | Ordú Bunaithe an Chomhchoiste Oibreachais um Sheirbhís Luathbhlianta, 2021 |
| I.R. Uimh. 395 de 2021 | Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Táillí), 2021 |
| I.R. Uimh. 396 de 2021 | Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Foirmeacha), 2021 |
| I.R. Uimh. 397 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha), (Tosach Feidhme), 2021 |
| I.R. Uimh. 398 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt) (Tosach Feidhme), 2021 |
| I.R. Uimh. 399 de 2021 | Na Rialachain um an Acht um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt), 2021 (Ionaid agus Imeachtaí a Ainmniú), 2021 |
| I.R. Uimh. 421 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceadúnas Onnmhairiúcháin Vacsaíní COVID-19) (Uimh. 4) (Leasú Sealadach), 2021 |
| I.R. Uimh. 484 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1988 (Alt 9), 2021 |
| I.R. Uimh. 517 de 2021 | An tOrdú um Pá Íosta Náisiúnta, 2021 |
| I.R. Uimh. 514 de 2021 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) (Leasú), 2021 |
| I.R. Uimh. 528 de 2021 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú), 2021 |
| I.R. Uimh. 559 de 2021 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 2) 2021 |
| I.R. Uimh. 567 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Ríomh-Mhargadh Aonair), 2021 |
| I.R. Uimh. 568 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil leis an tSiria), 2021 |
| I.R. Uimh. 569 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil leis an tSúdáin), 2021 |
| I.R. Uimh. 570 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré), 2021 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 571 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil le Poblacht Ghuine Bissau), 2021 |
| I.R. Uimh. 572 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil le Nicearagua), 2021 |
| I.R. Uimh. 573 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil leis an Iaráin), 2021 |
| I.R. Uimh. 574 de 2021 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i ndáil le Poblacht na Guine), 2021 |
| I.R. Uimh. 598 de 2021 | An tOrdú Fostaíochta Earnála (Earnáil na Tógála), 2021 |
| I.R. Uimh. 610 de 2021 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2021 |
| I.R. Uimh. 619 de 2021 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú Uimh. 2), 2021 |
| I.R. Uimh. 673 de 2021 | An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí), 2021 |
| I.R. Uimh. 674 de 2021 | Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Táillí) (Uimh. 2), 2021 |
| I.R. Uimh. 675 de 2021 | Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Foirm agus Fógra Forordaithe), 2021 |
| I.R. Uimh. 676 de 2021 | An tOrdú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 897), 2021 |
| I.R. Uimh. 703 de 2021 | An tOrdú Fostaíochta Earnála (Earnáil Conarthaí Leic-treachais), 2021 |
| I.R. Uimh. 711 de 2021 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Con-túirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalamh Iniom-pair) (Leasú), 2021 |
| I.R. Uimh. 724 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Alt 14A (1)) (COVID-19), 2021 |
| I.R. Uimh. 725 de 2021 | I.R. Uimh. 672 de 2020 an tOrdú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A (1)) (COVID-19), 2021 |
| I.R. Uimh. 750 de 2021 | An tOrdú um an Acht Leasa Shóisialaigh (Alt 24) (Tosach Feidhme), 2021 {cuid 3 achtaithe ag an Tánaiste} |
| I.R. Uimh. 751 de 2021 | An tOrdú um an Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 (Síneadh leis an Dáta Ráthaíochta), 2021 |

# Aguisín 3

| Soláthar Poiblí Glas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Bliain Tagartha 2021** | **A. Líon iomlán conarthaí ar fiú breis is €25,000 iad a eisíodh de réir earnáil tosaíochta** | **B. Luach iomlán conarthaí ar fiú breis is €25,000 iad a eisíodh de réir earnáil tosaíochta** | **C. Líon iomlán conarthaí ar fiú** | **D. Total value of contracts issued over €25,000 by priority sector which have incorporated GPP** |
| **Earnáil Tosaíochta** | | | | |
| **Iompar** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Tógáil** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Fuinneamh** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Seirbhísí Bia & Lónadóireachta** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Táirgí agus Seirbhísí Glantacháin** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Teicstílí** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Trealamh TF** | 1 | €154,000 | 1 | €154,000 |
| **Páipéar** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Eile** | | | | |
| **Comhairleoireacht** | 8 | €666,407 | Náid | Náid |
| **Seirbhísí Earcaíochta** | 1 | €37,000 | Náid | Náid |
| **Iomláin** | **10** | **€875,407** | **1** | **€154,000** |

Prepared by the Department of
Enterprise, Trade and Employment
**gov.ie**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland